# SÍOLTA

NA

# hInspioráide





CRAINN DHÚCHASACHA MHUINEACHÁIN A FHÁS ÓN SÍOL

LE

**JOHN MCKEON**

Tá físchlár faisnéise faoi m'eispéireas dar teideal 'Síolta na hInspioráide: Crainn dhúchasacha Mhuineacháin a fhás ón síol le John McKeon' ar fáil ar an leathanach gréasáin seo a leanas:

**https://iwt.ie/seeds_of_inspiration**

Rinneadh físeáin eile maidir le gach crann dúchasach a fhás ón síol agus tá sé i gceist go gcuirfidh siad sin leis an treoir atá sa leabhar seo. Tá siad ar fáil tríd an nasc/cód QR atá le taobh an téacs faoi gach crann.

Arna chur in eagar ag Juanita Browne
An clúdach tosaigh: Dearcán © Deirdre Macklin

Arna dhearadh ag: Vitamin.ie

# Trees

*I think that I shall never see*
*A poem lovely as a tree.*

*A tree whose hungry mouth is prest*
*Against the earth's sweet flowing breast;*

*A tree that looks at God all day,*
*And lifts her leafy arms to pray;*


*A tree that may in Summer wear*
*A nest of robins in her hair;*

*Upon whose bosom snow has lain;*
*Who intimately lives with rain.*

*Poems are made by fools like me,*
*But only God can make a tree.*

Joyce Kilmer





# Réamhrá

**Is mór an onóir dom an leabhar seo faoi chrainn dhúchasacha Mhuineacháin a chur in bhur láthair. Cuireann na coillearnacha, na fálta sceach agus na seanchrainn chiúine atá ina seasamh leis na glúnta go mór le tírdhreacha agus le pobail an chontae. Tugann gach Crann Darach, Crann Beithe, Crann Coill agus Crann Caorthainn bia, foscadh agus leanúnachas don dúrud speiceas. Cruthaíonn siad éiceachórais a chothaíonn éin, feithidí, mamaigh, fungais agus daoine. Mar thoradh ar a gcosaint agus a n-athbhunú, táimid ag cosaint ár n-oidhreachta cultúrtha agus ag neartú na seasmhachta i leith na haeráide. Lena chois sin, táimid ag cinntiú go mbeidh tírdhreacha atá beo le bithéagsúlacht ag na glúnta atá le teacht.**

Ní bheadh an leabhar seo ann murach díograis iontach John McKeon. Agus é amach san blianta, caitheann John a chuid ama agus dúthrachta uile le fás, caomhnú, agus ceiliúradh ar chrainn dhúchasacha na hÉireann. Tugann sé aird ar leith ar chrainn dhúchasacha Mhuineacháin. Ó thaobh saineolais de, níl duine ar bith inchurtha leis. Shaothraigh sé an saineolas atá aige go crua de thairbhe na mblianta de bhreathnóireacht ghéar agus de phórú cúramach, agus mar gheall ar an meas seasmhach atá aige ar oidhreacht nádúrtha na háite seo. A bhuíochas le Seán, déantar níos mó ná ár gcrainn dhúchasacha a chur — déantar iad a fhréamhú i bhfíorfhéiniúlacht Mhuineacháin, rud a chinntíonn ginealach géiniteach éagsúil choillearnacha an chontae.

Tá John i ndiaidh tacaíocht, spreagadh agus treoir a thabhairt dom go seasta ó thosaigh mé i mo ról mar Oifigeach Bithéagsúlachta Chontae Mhuineacháin. Bíonn sé fial liom faoina chuid ama agus críonnachta agus is mór agam an méid sin. Is maith is eol dom fosta nach mise an t-aon duine amháin atá i ndiaidh leas a bhaint as a mheantóireacht fhoighneach. Ar a bhealach séimh ciúin féin, tá John i ndiaidh feirmeoirí, scoileanna, grúpaí pobail agus daoine aonair ar fud Chontae Mhuineacháin a spreagadh. Taispeánann sé nach bhfuil le déanamh ach crann a chur chun tionchar a imirt ar an todhchaí.

Léiríonn an obair atá déanta ag John an méid is féidir a bhaint amach — don phobal i gcoitinne agus do na glúnta atá le teacht — le paisean duine amháin. Gach crann óg a chothaigh sé, gach síol a chuir sé, is bronntanas é dár dtírdhreacha agus do na speicis a bhíonn ag brath orthu. Cuireann a shampla i gcuimhne dúinn nach coincheap teibí í an bhithéagsúlacht, ach gur rud í atá thar a bheith pearsanta, atá áitiúil, agus a bhfuil an-bhaint aici lenar saol laethúil.

Ba as mian Chraobh Mhuineacháin d'Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann oidhreacht John a chaomhnú a tháinig an tionscadal seo. Tá John ar dhuine de bhunaitheoirí na Craoibhe, agus is síorfhoinse inspioráide é do na baill uile ó cuireadh ar bun í. Ba mhór an pléisiúr dom a bheith mar chuid den fhís seo acu eolas agus saineolas John a chur in iúl tríd an leabhar seo agus tríd an tsraith físeán a ghabhann leis. Bhíothas ábalta tabhairt faoin tionscnamh a bhuíochas le maoiniú flaithiúil ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra faoin gCiste um Ghníomhaíocht Bhithéagsúlachta Áitiúil agus le tacaíocht ó Chomhairle Contae Mhuineacháin agus Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann.

Tá súil agam go gcuirfidh na leathanaigh seo leis an tuiscint atá againn ar chrainn dhúchasacha Mhuineacháin agus go gcuirfidh siad cumas ciúin daoine ar nós John i gcuimhne dúinn — iad siúd a chuireann, a chosnaíonn agus a chaomhnaíonn, agus a fhios acu go mbeidh siad caillte le fada an lá sula bhfeicfear fíorthoradh a saothair.

**An Dr Patricia McCreesh**
Oifigeach Bithéagsúlachta
Comhairle Contae Mhuineacháin





# Eolas faoin údar

D'fhás mé aníos ar fheirm mheasctha i Lár na Tíre sna 1950idí agus 1960idí. Bhí ocht mbó dhéiríochta, eallach, cait, muca, cearca, lachain, turcaithe agus géanna againn. D'fhásamar ár gcuid bia féin uile i ngarraí glasraí agus in úllord. Bhain mé céim san Eolaíocht Talmhaíochta amach sa bhliain 1973, go díreach nuair a bhí Éire ag dul isteach i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa. Ba thús le ré nuachóirithe agus diansaothraithe feirmeoireachta é sin. Ba thús le deireadh na feirmeoireachta measctha bithéagsúla é.

De thoradh bheartais agus mhaoiniú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, baineadh mórán fálta, gairdíní agus úllord; taoscadh uiscebhealaí agus bogaigh, agus cailleadh seanmhóinéir. Cuireadh seagalach mhonashaothraithe agus sreang leictreach ina n-áit. Rinne mé an méid thuas uile ar m'fheirm féin agus, mar chomhairleoir talmhaíochta, chuidigh mé le feirmeoirí toilteanacha eile an rud céanna dhéanamh. Luaigh mé an méid thuas ar mhaithe le breac-chuntas a thabhairt ar mo thuras go dtí seo, agus tá súil agam go dtaispeánfaidh an leabhrán seo an turas atá os mo chomhair, agus go spreagfaidh sé thú chun aithris a dhéanamh orm.

Maidir leis an té a scríobhann faoi chur crann, ghlacfaí leis go raibh cáilíocht éigin aige nó aici mar fhoraoiseoir nó luibheolaí. Níl a leithéid de cháilíocht agamsa. D'fhás mé mórchuid na nglasraí agus na dtorthaí teaghlaigh le mo bheo. Mar sin de, níor dhoiligh dom crainn a fhás.

Thosaigh sé uile scór blianta ó shin agus mé ar thuras go Cnoc na hEorna ar an teorainn idir Contae na Mí agus Contae Mhuineacháin. Bhí mé iontach tógtha leis an dúrud plandaí Sceiche Gile a bhí os mo choinne agus thug sé inspioráid mhór dom. Níor fhás mé ach Sceacha Geala ar feadh cúpla bliain. Ar mhaithe leis an éagsúlacht agus leis an mbithéagsúlacht a mhéadú, thosaigh mé ag fás crainn dhúchasacha ar nós Crann Darach, Crann Coill agus Crann Cuilinn. De réir mar a chuaigh mo spéis agus mo thaithí i méid, thosaigh mé ag fás an réimse iomláin de chrainn dhúchasacha na hÉireann. Níor tháinig mé ar an síol don Draighean Fearna, crann atá millteanach neamhchoitianta, go dtí an bhliain 2021.

Táim féinoilte, agus chruinnigh mé na síolta agus d'fhás mé na crainn agus na toir go léir atá luaite sa lámhleabhar seo. Tá súil agam go dtabharfaidh sé seo uchtach duit — má thig liomsa é a dhéanamh, tig leatsa é a dhéanamh fosta. Mar sin, cruinnímis síolta, fásaimis crainn agus íocaimis an comhar leis an Máthair-Chruinne.



*John McKeon*

*"Fás do chion féin d'aer úr ach crann a chur"*



# Clár Ábhar

## Ag cur crann


Logainmneacha Mhuineacháin 7
Cén fáth ar cheart crainn dhúchasacha a chur? 7
Luach crann 8
Cá háit a gcuirfidh mé crainn? 9
Na háiteanna is fearr faoi choinne crainn éagsúla 9
Suíomhanna gairdíní 11
Meán fáis 12
Bailiú Síolta 13
Stóráil 13
Srathú 13
Tréimhsí stórála agus cuir na ngrúpaí éagsúla suanachta 14
Ag cur síolta 15
Athphlandú (trasphlandú) 16
Prúnáil Fréamhacha 16
Plandlann crann 17
Síolta agus síológa a chosaint 18
Conas crainn a chur 19
Iarchúram 20
Coimeád taifead 20
Sláinte agus sábháilteacht 21


## Ár gCrainn Dhúchasacha


Fearnóg 23
Draighean fearna 24
Fuinseog 25
Beith chlúmhach 26
Beith gheal 26
Draighean 27
Crann silíní fiáin 28
Donnroisc 29
Crann-fia-úll 30
Caor Chon 31
Coll 32
Cuileann 33
Dair ghaelach 34
Dair ghalda 34
Paide Bréan 35
Caorthann 36
Péine Albanach 37
Feoras 38
Fionncholl 39
Sceach Gheal 40
Leamhán Sléibhe 41
Iúr 42

Crann a bhfástar ó ghearrthóga iad 44
Saileach 44
Crann creathach 45
Féithleann 45


Cairt síolta mhíosúil 46






# Logainmneacha Mhuineacháin

Tá coillearnacha dúchasacha le sonrú go tréan i logainmneacha na hÉireann agus tá anrud samplaí i Muineachán. Samhlaítear doirí le logainmneacha dar tús *Derry nó Doire*, mar shampla, Derrynashannagh (doire na sionnach) agus Doire Loiscthe (doire na luachra). Is tagairt é *Coll nó Coill* do choll nó do choillearnach, mar shampla, Droim Choill agus Coill an Chlochair.
Tá Sceach le sonrú i nDroichead na Sceiche agus i gCnoc na Sceiche, rud a léiríonn a fhorleithne atá an sceach gheal i bhfálta sceach. Tuigtear gurb é 'cnoc atá lán le crainn fuinseoige' an chiall atá le Corr Fhuinseogach/an Chorr Uinseogach. Tá 11 sampla de Chorr Fhuinseogach/an Chorr Uinseogach i gContae Mhuineacháin, rud a fhágann gurb é an logainm is coitianta sa chontae é.
Ar na logainmneacha eile ina bhfuil crainn tá Eo (iúr) in Aghnaclogh Eo agus an tSaileach in Sallybrook. Ní hamháin go léiríonn na logainmneacha sin láithreacht stairiúil na speiceas dúchasach, ach tugann siad leideanna luachmhara fosta maidir hathbhunú na bithéagsúlachta; treoraíonn siad cá háit a bhfásadh an Dair, an Coll, an Sceach Gheal agus an tSaileach tráth. Chomh maith leis sin, léiríonn siad an mórcheangal cultúrtha idir daoine agus crainn, atá leabaithe sa teanga agus sa tírdhreach. Sa lá atá inniu ann, is marcóirí oidhreachta agus is uirlisí praiticiúla faoi choinne pleanáil caomhnaithe iad na logainmneacha sin. Cuidíonn siad le limistéir fhóirsteanacha a shainaithint le haghaidh athbhunú fálta sceach agus coillearnach dúchasach.





# Cén fáth ar cheart crainn dhúchasacha a chur?

Baineadh na milliúin crann agus na mílte d'fhálta sceach de thairbhe diansaothrú feirmeoireachta agus galar Dúitseach leamhán. Iompórtáladh Fuinseoga óga ar na mallaibh, rud nach raibh call ar bith leis. Bhí Críonadh Siar Fuinseoige orthu agus, dá bharr sin, d'éag anrud Fuinseoga dúchasacha dár gcuid. "Is chun na huaighe a théann bealach na glóire" agus baineann an méid céanna le crainn — éiríonn siad sean agus faigheann siad bás nó leagtar iad ar mhaithe le sláinte agus sábháilteacht agus is annamh a chuirtear crainn úra ina n-áit, má dhéantar é sin ar chor ar bith. Ní cleachtas maith ná cleachtas inbhuanaithe in am ar bith í an róstocáil.

Is íorónta é go bhfuil an duine ar cheann den bheagán speiceas nach bhfuil ar liosta dearg an díothaithe; réamh-mheastar go mbeidh naoi mbilliún duine ar domhan faoin mbliain 2050 (7.5 billiún atá ann san am i láthair). Beidh gá le níos mó mórbhealaí agus foirgneamh le freastal ar an méadú sin ar líon na ndaoine agus is crainn agus fálta a bheidh thíos leis mar thoradh ar ár gcreachadóireacht ar an bpláinéad agus ar ár gcaidreamh nimhiúil leis an Máthair-Chruinne. Tá na céadta speiceas fiadhúlra — feithidí, éin, mamaigh, caonaigh, raithneacha, léicin agus muisiriúin — ina gcónaí ar chrainn agus tá siad beo orthu. Caílltear iad sin fosta de réir mar a bhaintear crainn.

Tá toir agus crainn dhúchasacha i ndiaidh éabhlóidiú leis na mílte blianta, i gcomhchoibhneas le haeráid agus ithir na hÉireann, agus leis an bhfiadhúlra a chónaíonn orthu nó timpeall orthu. Os a choinne sin, d'fhéadfadh bachlóga nó bláthanna teacht ar phlandaí iompórtáilte sula dtagann feithidí amach nó i ndiaidh d'fheithidí teacht amach. Dá bhrí sin, ní bhíonn aon soláthar bia tráthúil ann. Is tearmann fiadhúlra í foraois dhuillsilteach de chrainn dhúchasacha, ar na crainn agus ar urlár na foraoise araon, i gcomparáid le foraoisí péine a tháinig ina n-áit agus atá ina ngaineamhlaigh bhitheolaíochta.

# Luach crann


Tuigeann bunús na ndaoine faoin am seo a thábhachtaí atá sé crainn a chur ar chuid de na cúiseanna seo a leanas nó ar na cúiseanna seo a leanas uile:




Tig linn cuidiú leis an bpláinéad a shábháil ar athrú aeráide.





Ionsúnn crainn dé-ocsaíd charbóin agus scaoileann siad ocsaigin.



Is foinse ábhar tógála — atá glas, atá neodrach ó thaobh carbóin de agus atá in-athnuaite — iad crainn.



Cuireann crainn le háilleacht agus le luach talún agus maoine.




Díonann crainn foirgnimh agus cuidíonn siad leo meascadh leis an tírdhreach.



Coimeádtar éiceachóras cothromaithe de dheasca na gcrann, rud a fhágann nach mbíonn an oiread céanna gá le feithidicídí agus lotnaidicídí.


Daingníonn crainn bruacha abhann.





Cuireann crainn i bhfálta sceach scáth agus foscadh ar fáil do bheostoc agus cuidíonn siad le rialú galar idir feirmeacha. Drochrogha is ea sreang.

De bharr scáth crann le linn tonnta teasa, bíonn sé níos fuaire i dtimpeallachtaí uirbeacha agus ólann ba níos lú uisce i gceantair thuaithe.




Is scagairí iad fréamhacha crann agus cuireann siad caighdeán an uisce chun feabhais, rud a mhaolaíonn tuile agus creimeadh ithreach.

# Cá háit a gcuirfidh mé crainn?

Is beag áit — i mbaile, i gcathair nó i gceantar tuaithe — nach rachaidh cur crann chun sochar do dhaoine agus don timpeallacht. Tá mórán roghanna ag feirmeoirí, mar úinéirí talún, maidir le crainn a chur.

Tig le húdaráis áitiúla, atá i gceannas ar bhóithre, ar pháirceanna agus ar eastáit, crainn a chur chun gach limistéar poiblí a fheabhsú. Tá grúpaí deonacha, macasamhail Bailte Slachtmhara, comhairlí paróiste, clubanna spóirt, grúpaí caomhnaithe, clubanna iascaireachta agus boird scoile, i gceannas ar limistéir a rachadh cur crann agus tor dúchasach chun tairbhe dóibh. Chothófaí eolas agus gean ar chrainn go háitiúil mar thoradh air sin fosta. Is ann do dhá choincheap dheasa a thaitneodh le cuid mhór daoine ar spéis leo mionmhothar crann a chur, mar atá, “mionchoillte” agus “ceathrú na ngiorriacha”.

Má chuir tú cúpla crann óg ón síol, is mó seans go leanfaidh tú ort ag cur crann. Tá crann a d’fhás tú féin ina bhronntanas níos fearr ná bronntanas plaisteach. Caitear bronntanas plaisteach i measc an bhruscair sula i bhfad. Déan ceiliúradh ar ócáidí móra, fearacht breitheanna, imeachtaí eaglaise, bainiseacha, etc., trí chrann a chur a mhairfidh ar feadh an tsaoil, agus go deimhin níos faide ná sin.



# Na háiteanna is fearr faoi choinne crainn éagsúla

Is iomaí cineál ithreach i Muineachán, mar shampla, ardtalamh tirim, ísealchríoch fliuch, cré throm, dúrabhán éadrom agus domasach. Is féidir cuid de na cineálacha éagsúla ithreach sin a fháil ar fheirm amháin nó i ngarraí mór. Tá crainn i ndiaidh forbairt agus tá siad in ann fás sna háiteanna éagsúla sin. Mar sin de, má tá tú ag déanamh do mhachnaimh faoi cén speiceas de chrainn dhúchasacha na hÉireann a chuirfidh tú, amharc ar a bhfuil ag fás go maith ar shuíomhanna atá cosúil le do shuíomh féin. Cuideoidh an méid seo a leanas leat na crainn dhúchasacha is fearr a phiocadh faoi choinne suíomhanna éagsúla.

## Suíomhanna fliucha:

**Saileach**

Is iomaí speiceas ann, ó thoir ísealfháis go crainn mhóra. Fásann siad ón síol, ach is fusa iad a fhás ó ghearrthóga. Tig leo bruacha abhann a dhaingniú agus tá siad ábalta tuile a sheasamh.

**Fearnóg**

Crann meánmhéide, suas le 18m ar airde. Tá nóidíní fosaithe nítrigine ar fhréamhacha an chrainn seo, a leasaíonn drochthalamh agus talamh mhíntírithe ar mhaithe le plandaí eile. Is féidir leis bruacha abhann a dhaingniú.

**Beith Chlúmhach**

Crann dlúth meánmhéide, suas le 18m ar airde, ar a bhfuil craobhacha fíneálta agus duilleoga beaga, a ligeann don ghrian lonrú anuas ar an bhflóra talún.

**Crann Creathach**

Crann mór, suas le 22m ar airde, a fhásfaidh ar thalamh fliuch ach gan bheith báite.

## Láithreacha taise:

Fásfaidh na ceithre chrann a liostaítear thuas i dtaca le láithreacha fliucha (Saileach, Fearnóg, Beith Chlúmhach, agus Crann Creathach) i láithreacha taise, mar aon leis na crainn seo a leanas:

**Dair Ghallda**
Crann mór, suas le 40m ar airde. Is í an Dair, ar a dtugtar 'Rí na gcoillte', an crann is fearr ó thaobh na bithéagsúlachta de.

**Donnroisc**
Meánmhéide, suas le 15m ar airde. Tagann tom bláthanna bána air i mí Aibreáin. Tagann sméara dubha air go luath i mí Lúnasa.


**Draighean Fearna**
Tor beag, suas le 3m ar airde, a n-oireann ithreacha taise móinteacha is fearr dó.

**Paide Bréan**
Meánmhéide, suas le 10m ar airde. Oireann an chuid is mó d'ithreacha alcaileacha go maith dó.

**Caor Chon**
Tor beag, suas le 3m ar airde, a n-oireann ithreacha alcaileacha go maith dó.

**Feoras**
Tor beag, suas le 5m ar airde, a n-oireann ithreacha alcaileacha is fearr dó.

Ní ann d'aon teorainn chruinn idir láithreacha fliucha, taise agus tirime. Bogtar de réir a chéile ó cheann amháin go ceann eile. Ní mhairfeadh aon cheann de na crainn a luaitear le láithreacha tirime nó taise i láthair fhliuch, ach d'fhéadfadh sé go dtiocfadh fás maith ar chrainn a luaitear le láithreacha fliucha agus taise i láthair thirim dá mbeadh ithir chréúil, mhaith, dhomhain inti seachas ithir éadrom, thirim, ghainmheach. Mar sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh crainn den chineál céanna ann i láithreacha éagsúla. I gcás mórphlandálacha, nó scéimeanna comhshaoil a fhaigheann deontas, bheadh gá le foraoiseoir a thabhairt isteach chun tástáil ithreach agus measúnú a dhéanamh ar an láthair.



## Láithreacha tirime:

**Dair**
Ghaelach agus Ghallda.

**Fuinseog**
Ní chuirfear í go dtí go bhforbrófar tréithchineálacha atá díonach ar Chríonadh Siar Fuinseoige.

**Crann Silíní Fiáin**
Crann meánmhéide, suas le 20m ar airde; flúirseach bláthanna agus caor; cuirfidh sé meatháin i ngoirt agus i bhfálta.

**Crann Fia-úll**
Crann beag, suas le 8m ar airde; flúirseach bláthanna agus barr úll.

**Leamhán**
Crann mór, suas le 35m ar airde. Tá galar Dúitseach leamhán tar éis an chuid is mó de na Leamháin a mharú.

**Coll**
Crann beag, suas le 10m ar airde; tugadh "crann uasal na coille" air faoi Dhlíthe na mBreithiúna toisc gur bhain an-chuid feidhmeanna leis agus toisc gur tháinig cnónna inite air.

**Cuileann**
Crann beag, suas le 10m ar airde; fásann duilleoga síorghlasa agus caora dearga ar na crainn bhaineanna.

**Caorthann**
Crann beag, suas le 10m ar airde; crann dlúth ar a bhfásann flúirseach bláthanna agus caor..

**Péine Albanach**
Crann mór, suas le 35m ar airde; adhmaid luachmhara ar a dtugtar 'déil dhearg'.

**Fionncholl Gaelach**
Crann beag, suas le 15m ar airde; mar a thugann a ainm le fios, tá bun a chuid duilleog bán.

**Iúr**
Crann mór, suas le 20m ar airde; tá a chuid duilleog nimhiúil d'ainmhithe, agus tá a chuid caor nimhiúil do dhaoine.


**Sceach Gheal**
Crann beag, suas le 10m ar airde; an speiceas is coitianta i bhfálta sceach.

**Draighean**
Tor, suas le 6m ar airde; fásann plandaí nua óna fhréamhacha, tagann flúirseach bláthanna agus airní air.

# Suíomhanna gairdíní

Tá faichí ag na milliúin teach cónaithe timpeall na tíre – "fásaigh ghlasa" - a ghearrtaí gach cúpla seachtain le lomairí faiche go dtí le déanaí, agus d'fhás Nóiníní agus Caisearbháin mar bhia d'fheithidí dá bharr. Sa lá atá inniu ann, úsáidtear uathlomairí faiche chun na fásaigh ghlasa seo a ghearradh gach lá. Ní fhásann aon bhláthanna iontu ná ní mhaireann aon fheithidí iontu dá bharr. Is féidir leis na milliúin faiche seo cur go mór leis an Máthair-Chruinne má chuirtear cúpla crann dúchasach iontu.

Toisc go bhfuil an chuid is mó d'fhaichí laistigh de thithe, de lánaí agus de bhóithre, ná cuir crainn mhóra a d'fhéadfadh a bheith dainséarach le linn stoirmeacha sna blianta atá romhainn. Roghnaigh ó na crainn bheaga agus na toir seo a leanas, ag brath ar mhéid na faiche: Coll, Cuileann, Beith, Caorthann, Sceach Gheal, Draighean, Feoras, Crann Fia-úll, Caor Chon, Fionncholl Gaelach.




Spád



Miosúr



Lián



Sluasaid



Ráca

## Uirlisí gairdín

D'fhéadfaí féachaint ar uirlisí láimhe agus ar obair láimhe mar chuir chuige sheanfhaiseanta, ach tá siad leordhóthanach i gcás mionphlandlann crann nó garraí glasraí. Is fearr agus is saoire ar fad aclaíocht a dhéanamh trí mheán obair láimhe ná bheith ag tiomáint chuig an ionad aclaíochta nó bheith ag rith 5km agus, nuair a fhéachtar air le taobh an luacha shíceolaíoch a bhaineann le crainn a fhás agus le bheith ag tabhairt aire don Mháthair-Chruinne, is mór is fiú í.


Baineann dearadh simplí le gach uirlis a liostaítear, ach déan dianmhachnamh maidir le do rogha spáide, agus seachain lanna níos leithne. Is é an chéad tochailt talún an chuid is deacra den obair, toisc go mbuaileann an spád i gcoinne féir, cloch, agus fréamhacha, mar sin is fearr spád thraidisiúnta a cheannach don ghairdín a bhfuil lann 4 horlaí/10cm ar leithead aici. Bíonn an lann chaol seo níos éifeachtaí chomh maith agus crainn óga á mbaint agat.




Gráip




Grafóg




Criathar garbh



Rollóir



Criathar mín



Miondeimheas




Stibhín

# Meán fáis

Is féidir an chuid is mó de chrainn óga a bhaint agus a athphlandú agus iad fréamhlom, chomh fada agus a dhéantar é seo nuair atá na crainn óga faoi shuan - ó mhí na Samhna go mí an Mhárta. Is féidir líon beag de chrainn óga a chur i bpotaí más mian leat cur le fad an tséasúir phlandaithe i rith na bliana. Cuirtear roinnt crann, amhail an Cuileann, i bpotaí i gcónaí toisc nach n-éiríonn go maith leo nuair a athphlandaítear iad fréamhlom. Chun crainn a fhás i bpotaí, ní mór an-chuid ithir phlandlainne a úsáid nó caonach móna a cheannach. Ba é an caonach móna an meán fáis a d'úsáidtí i bpotaí agus i dtráidirí síl go traidisiúnta, agus chuirtí málaí de chaonach móna le hithir an ghairdín chun uigeacht na hithreach a fheabhsú.

Is ó phortaigh a thagann caonach móna, amhail Sliabh Beatha, an bratphortach atá againn i dtuaisceart Mhuineacháin. Is mór an tábhacht a bhaineann le portaigh maidir le carbón a stóráil agus chun tacú leis an bhfiadhúlra. Nuair a bhaintear caonach móna, scaoiltear carbón isteach san aer, rud a chuireann leis an athrú aeráide. Cabhraíonn portaigh le smacht a chur ar uisce agus le tuilte a chosc, ach chomh luath is a dhéantar damáiste dóibh, tógann sé na mílte bliain orthu teacht chucu féin. Mar sin, is acmhainn é an caonach móna nach bhfuil inbhuanaithe sa gharraíodóireacht.


Dramhaíl chistine/ghairdín



Múirín duillí



Aoileach feirme



Siolta, gaineamh, grean.



Múirín de bhunús muisiriúin



Bailím na hábhair seo a leanas ó mo theach agus mo ghairdín féin, agus ón gceantar máguaird, lena gcur in ionad caonaigh móna mar mheán fáis agus roinnt plandaí á gcur i bpotaí agam, agus lena n-úsáid mar fheabhsaitheoir ithreach:

Dramhaíl chistine/ghairdín (*measctha le féar, tuí, cairtchlár mionghearrtha, agus páipéir nuachtáin - táirgfidh sí seo múirín tar éis bliain amháin. Is féidir an cineál seo múirín a cheannach ar an mórchóir ó roinnt údaráis áitiúla agus déantóirí múirín tráchtála*)

Múirín duillí (*is féidir duilleoga a chnuasach ar na bóithre, i lánaí, i gcarrchlóis agus i ngairdíní, agus éireoidh siad ina múirín duillí laistigh de dhá bhliain. Agus tú ag cnuasach duilleog, ná glan an limistéar go hiomlán – fág roinnt duilleog ann i gcónaí ar mhaithe le féileacáin, leamhain agus créatúir eile atá ag beathú geimhridh*)

Aoileach feirme (*aoileach lofa go maith a thagann ó easair eallaí, caorach, muc, éanlaithe nó capall*)

Siolta, gaineamh, grean.

Luatha ó thine dóite adhmaid.

Múirín de bhunús muisiriúin chaite.

Cuir roinnt de na nithe thuas, nó iad ar fad, le chéile le beagán ithreach ón ngairdín chun múirín maith a dhéanamh do photaí, do thráidirí, agus chun ithir a leasú.



Caorthann @ John McKeon

# Bailiú Síolta

Bíonn síolta glas de ghnáth i gcéimeanna luatha dá bhforbairt, agus tagann dath dearg, dubh nó donn orthu de réir mar a éiríonn siad aibí. Cnuasaigh síolta aibí ó na crainn nó ón talamh. Táirgtear líon éagsúil síolta ar chrainn gach bliain, ó líon beag síolta nó síolta ar bith i roinnt blianta go barra flúirseacha i mblianta eile, blianta ar a dtugtar blianta measa. Den chuid is mó, d'fhorbair agus mhair crainn na hÉireann agus ár n-ithir, tírdhreach agus aeráid uathúil féin as lámha a chéile thar roinnt mhaith blianta. Chun an comhoibriú agus an chothromaíocht nádúrtha seo a choinneáil, moltar go láidir gan síolta a chnuasach ach amháin laistigh de limistéir fhiáine dhúchasacha, limistéir nár dhócha gur cuireadh crainn ón iasacht nó crainn ghéinmhodhnaithe iontu. Ná cnuasaigh síolta de chuid crainn dhúchasacha ar thaobh an bhóthair, i bpáirceanna nó i ngairdíní, cé go mbíonn an chosúlacht ar an scéal gurb é sin an cur chuige is éasca.

# Stóráil

San fhiántas, cuirtear síolta de réir mar a thiteann siad go nádúrtha ón gcrann nó de réir mar a scaiptear iad sa ghaoth nó i gcac éan. Le linn an phróisis nádúrtha seo, ní mhaireann ach céatadán an-bheag síolta le linn a gcurtha i dtalamh neamhullmhaithe fhiáin.

Is féidir síolta a chur i dtalamh ullmhaithe de réir mar a chnuasaítear iad, ach d'fhéadfadh éin agus lucha iad a ithe agus iad ina luí ar an talamh le linn an chéad gheimhridh. Mar gheall ar a gcuid suanachta, ní fhásann roinnt síolta ar feadh dhá gheimhreadh, mar sin is mó an seans go n-íosfar iad, agus beidh ort 12 mhí a chaitheamh ag baint fiailí sa cheapach síl, tráth nach bhfásfaidh aon síológa.

# Srathú

Cé go bhféadann líon beag síolta fás nuair a thiteann siad ón gcrann agus iad aibí, tá coscairí fáis i gcraiceann agus i mbia an chuid is mó de shíolta, agus ní fhásfaidh siad go dtí go lobhann an craiceann agus an bia nó go dtí go mbaintear iad. Tá cúpla bealach chun an bia a bhaint. Is féidir bia an chrainn silíní fhiáin agus an draighin a ithe – ach moltar duit a bheith aireach, toisc go bhfuil an-chuid caor nimhiúil.

Brúigh na caora le do lámha nó ag baint leas as líontán caol chun an bia a bhaint agus na síolta a scaoileadh. De rogha air sin, cuir na caora i gcoimeádán réthónach a bhfuil roinnt uisce ann, agus tuargain go bog iad le cuaille récheannach nó le brúiteoir. Táirgeann na modhanna seo cumasc de chraiceann, de bhia agus de shíolta. Nigh an cumasc seo cúpla uair le huisce. Tagann an bia agus an craiceann go barr an uisce, agus is féidir fáil réidh leo nó iad a dhraenáil trí chriathar a úsáid a bhfuil líontán beag go leor aige le nach gcaillfear na síolta.

Déantar síolta glanta a stóráil ar feadh geimhreadh nó dhó (.i. ar feadh sé mhí nó ocht mhí dhéag) i gcumasc srathaithe a ndéantar é tríd an méid céanna gainimh, grin, múirín nach ndéantar as caonach móna agus múirín duillí a mheascadh le chéile. Déan aon pháirt síolta a mheascadh le ceithre pháirt den chumasc srathaithe. Sula n-aistríonn tú an meascán síolta/cumaisc go coimeádán/pota, cuir méaróga ag bun an choimeádáin/phota chun cabhrú leis an draenáil. Cuir sraith ghrin ar bharr an choimeádáin/phota, agus clúdaigh é le líontán caol lena chosaint ar éin agus ar lucha.

Déan an coimeádán/pota síolta a stóráil lasmuigh faoi scáth nó laistiar de bhalla a bhfuil a aghaidh ó thuaidh. Coinnigh na síolta tais, ach gan bheith báite, toisc go bhféadfaidh siad lobhadh má tá siad báite. Seiceáil na coimeádáin go rialta le linn an gheimhridh lena chinntiú nach bhfuil na síolta á n-ithe. I gcás collchnónna go háirithe, bíonn baol ann go n-íosfaidh éin agus mamaigh iad. Is ag am mar seo a chabhródh cat nó brocaire go mór leat toisc go gcosnódh siad do chuid síolta ar chreachadóirí.



Srathú síolta
Caorthainn
@ John McKeon

# Tréimhsí stórála agus cuir na ngrúpaí éagsúla suanachta

## A Suanacht ar bith – cuir iad láithreach:

- Leamhán Sléibhe
- Saileach
- Crann Creathach
- Dair Ghallda
- Dair Ghaelach

Ba chóir síolta nach bhfuil suanacht ar bith ag baint leo a chur láithreach toisc go bhfaigheann siad bás laistigh de chúpla seachtain. Is féidir dearcáin a stóráil i bplandlanna móra ina bhfuil seomraí a ndéantar an teocht agus an bhogthaise a rialú iontu, ach fiú anseo tiocfaidh laghdú ar an ráta péactha. Má dhéantar dearcáin a stóráil thar an ngeimhreadh, fásann fréamhacha fada orthu, agus tógann sé an-chuid ama an t-earrach dár gcionn lena gcur, más féidir iad a chur ar chor ar bith. Mar sin, ní mór go mbeadh do cheapach síl réidh agat sula gcnuasaítear síolta.

## B Déan iad a stóráil in áit thirim agus cuir iad sa chéad earrach i ndiaidh a mbailithe:

- Fearnóg
- Beith
- Péine Albanach

Déan síolta a stóráil in áit thirim le linn an gheimhridh. I mí Feabhra, cuir ar maos iad in uisce fliuch ar feadh 24 uair agus ansin draenáil an t-uisce. Cuir le gaineamh tais iad, cuir iad sa chuisneoir ar feadh ceithre go sé seachtaine agus cuir iad ansin.



## C Srathaigh agus cuir iad sa chéad earrach i ndiaidh a mbailithe

- Crann Silíní Fiáin
- Donnroisc
- Caorthann
- Coll, Fionncholl
- Crann Fia-úll
- Draighean Fearna
- Paide Bréan
- Caor Chon
- Draighean

Bain síolta ó na caora nuair a bhailítear iad agus cuir leis an gcumasc srathaithe iad. Déan an cumasc seo a stóráil ar feadh geimhreadh amháin i gcoimeádáin a bhfuil poill mhaithe draenála iontu. Cuir na síolta san earrach. Is tor neamhghnách í an chaor chon toisc go bhfásann fréamhacha uirthi, ach ní bhíonn a cuid duilleog le feiceáil os cionn talún go dtí an t-earrach dár gcionn.

## D Srathaigh agus cuir iad sa dara hearrach i ndiaidh a mbailithe:

- Fuinseog
- Sceach Gheal
- Iúr
- Cuileann

Bain síolta ó na caora nuair a bhailítear iad agus cuir le cumasc srathaithe iad. Déan an cumasc seo a stóráil ar feadh dhá gheimhridh i gcoimeádáin a bhfuil poill mhaithe draenála acu. I ndiaidh dhá gheimhreadh, cuir na síolta san earrach. Toisc go n-úsáidtear líon an-mhór de sceachóirí chun Sceacha Geala a fhás d'fhálta sceach, ní gá na síolta a bhaint, toisc go dtiteann an bia le lobhadh timpeall na sceachóirí le linn na 18 mhí a ndéantar iad a stóráil.

# Ag cur síolta

Agus na síolta bailithe, bainte agus stóráilte againn, ní mór dúinn iad a chur agus a fhás anois. Mura bhfuil an-chuid spáis agat, nó mura dteastaíonn uait ach líon beag crann a chur, bain úsáid as potaí nó tráidirí, nó as cúinne de cheapach bláthanna nó glasraí chun crainn a chur. Chun líon níos mó crann a fhás, ullmhaigh ceapacha síl trí iomairí a chruthú iontu.

Tosaíonn na síolta ag péacadh agus tagann bachlóga orthu de réir mar a dhruideann siad le deireadh a dtréimhse srathaithe agus a thagann tús le séasúr fáis an earraigh. Is féidir na síolta seo a bhfuil bachlóga orthu a roghnú go cúramach agus a chur ceann ar cheann i dtráidirí nó i gceapacha síl. Ní modh praiticiúil é seo ach amháin i gcás líon beag síolta toisc gur modh mall é a thógann an-chuid ama. Dar ndóigh, bíonn sé i bhfad níos tapúla síolta a chroitheadh agus ithir a shluaisteáil orthu.

Is féidir **síolta móra**, amhail dearcáin agus collchnónna, a chur trí pholl a dhéanamh sa cheapach síl le stibhín cruinnsocach – poll 50mm ar doimhneacht do dhearcáin, agus 20mm ar doimhneacht do chollchnónna. Cuir an síol isteach agus clúdaigh le hithir é. Is féidir líon mór dearcán nó collchnónna a chur 150mm óna chéile i línte ar an gceapach síl agus ansin na síolta a chlúdach le 40mm d'ithir.

Is féidir **síolta meánmhéide**, amhail síolta an Chrainn Silíní Fhiáin, síolta an Donnroisc, síolta an Draighin, agus sceachóirí, a chur trí chlais 20mm ar doimhneacht a dhéanamh sa cheapach síl, spás 25mm a fhágáil idir síolta agus iad a chlúdach le hithir. Is féidir síolta meánmhéide a chroitheadh ar an gceapach síl agus a chlúdach le 20mm d'ithir.

Is fearr **síolta beaga**, amhail síolta na Beithe, na Fearnóige, agus an Chaorthainn, a chroitheadh thar cheapach síl atá rollaithe go mín agus iad a chlúdach ansin le sraith 2mm de ghaineamh, de mhúirín nó de chumasc ithreach.

Má tá barr flúirseach mar thoradh ar shíolta beaga a chur, ba chóir iad a thanú agus a thrasphlandú. Cosain síolta agus síológa ar lucha agus ar éin. Beidh ort síolta beaga ar clúdaíodh go héadrom iad a uisciú le linn aimsir thirim, agus beidh ort gach cineál síolta a uisciú le linn triomaigh. Bain fiailí ar bhonn rialta agus seiceáil do bharr go cúramach lena chinntiú nach bhfuil lotnaidí nó galar air.

**Tabhair faoi deara:** Tugtar faisnéis shainiúil maidir le síolta a chnuasach, a stóráil agus a chur i gcás gach speicis crainn, agus beidh mír ar leithligh ag gach speiceas sin sa leabhrán seo. Is féidir córacha eile a chur orthu nuair a bheidh siad curtha, agus le linn an chéad chúpla bliain fáis.


@ Liam Murtagh


Dearcáin a chur
@ John McKeon



# Athphlandú (trasphlandú)

D'fhéadfadh sé go mbeadh an-éagsúlacht ann sna barra a bhíonn ar na síolta a chuirtear, ó chúpla planda go barr atá róthiubh. Má dhéantar mórsíolta aonair a spásáil go beacht, bíonn barr maith orthu de ghnáth agus táirgeann siad caighdeán maith crann. Má dhéantar síolta beaga a chroitheadh, féadfar an-chuid plandaí a tháirgeadh, a éiríonn róphlódaithe tar éis bliain amháin fáis, agus nach mbeidh go leor spáis acu fás mar is ceart i mbliain a dó.

**Dhá bhealach chun plandaí plódaithe a réiteach:**

1. De réir mar a thosaíonn na síológa ag fás os cionn talún agus a thagann na chéad fhíordhuilleoga orthu, bain roinnt plandaí go cúramach ón ithir, agus cuir in áit nua iad le stibhín. De rogha air sin, lig do phlandaí róphlódaithe fás, agus nuair a bheidh siad faoi shuan ag deireadh bhliain a haon, tanaigh roinnt síológ agus cuir in áit nua iad le stibhín. D'fhéadfaí dlús a chur leis an bpróiseas trí rian a dhéanamh trasna na háite nuaí a bhfuil cruth V air, agus trí phlandaí beaga a chur i línte feadh an riain sin, agus trí ithir a bhrú thar n-ais timpeall a gcuid fréamhacha. Cuir uisce ar gach athphlanda.
2. Obair leadránach agus mhall is ea roinnt síológ a bhaint agus a thrasphlandú ó cheapach síl róphlódaithe – ní cur chuige praiticiúil é seo ach amháin i gcás suíomhanna beaga. I gcás go bhfuil síolta á gcroitheadh agat ar fud áiteanna níos mó, (e.g. an Sceach Gheal, a mbíonn líon ollmhór plandaí ag teastáil d'fhálta sceach), lig do gach planda fás ar feadh dhá bhliain nó trí bliana agus ansin bain iad ar fad. Ansin, déan na plandaí a ghrádú i mbearta de phlandaí móra, de phlandaí meánmhéide, de phlandaí beaga agus de phlandaí an-bheag. Ní gá ach bearta de phlandaí an-bheag a chur i línte agus a fhás ar feadh bliain nó dhó eile le go rachaidh siad i méid.





# Prúnáil Fréamhacha

Bíonn deis againn prúnáil fréamhacha a dhéanamh agus muid ag trasphlandú síológ ó cheapach síl róphlódaithe. Úsáideann tú miondeimheas nó tua ar bhearta síológ chun na fréamhacha is faide a ghearradh. Fásann taobhfhréamhacha ar fhréamhacha mar gheall air seo ar an tslí chéanna agus a fhásann taobh-bhuinneáin ar chraobh os cionn talún má ghearrtar í. Má dhéantar prúnáil fréamhacha, fásfaidh crainn óga a bhfuil scraith fréamhacha níos mó acu, rud a chabhróidh leo iad féin a bhunú agus a chuirfidh lena bhfás. Is mór an chabhair í agus síolta á gcur i línte, toisc go gcuireann sé bonn maith daingean de fhréamhacha ar fáil atá ar comhfhad lena chéile, agus a sheasann níos fearr sa chlais athphlandaithe.

Fásann socfhréamhacha fada atá deacair a bhaint agus a chur sa láthair deiridh ar an gcuid is mó de chrainn óga, má fhástar i bplandlann iad ar feadh níos mó ná dhá bhliain. Is féidir le prúnáil fréamhacha socfhréamhacha a chosc agus cothaíonn sí scraith fréamhacha níos cruinne. Oibríonn mórphlandlanna tráchtála meaisín a bhfuil lann chomhbhuailteach ann faoi na ceapacha plandlainne chun prúnáil fréamhacha a dhéanamh. Ní gá prúnáil fréamhacha a dhéanamh i gcás crainn óga a bhaintear tar éis dhá bhliain fáis agus a chuirtear ina láthair deiridh.


Gach rud © John McKeon

# Plandlann crann

Más maith leat líon mór de chineálacha éagsúla crann a fhás, is fearr plandlann bheag crann a bhunú. Cuir na pointí seo a leanas san áireamh agus suíomh plandlainne á roghnú agat.

1. Roghnaigh ceapach mhaith thorthúil talún ina bhfuil spás i gcomhair forbartha má theastaíonn sé uait an táirgeadh a mhéadú.
2. Roghnaigh láthair réidh nó a bhfuil a haghaidh ó dheas. Seachain láithreacha a bhfuil a n-aghaidh soir nó ó thuaidh toisc go mbíonn siad níos fuaire; d'fhéadfadh sé go loiscfí nó go marófaí síológa dá lonródh an ghrian anuas go díreach ar a gcuid duilleog reoite.
3. Roghnaigh láthair a bhfuil sé éasca claí a thógáil thart uirthi le go gcoinneofar ainmhithe amhail fianna, giorriacha, coiníní agus madraí amach.
4. Beidh soláthar leordhóthanach uisce riachtanach do cheapacha síl agus do phlandaí.

Tá roinnt ithreacha saibhir agus domhain agus oireann siad go maith do chrainn; tá roinnt mhaith ithreacha trom agus clochach agus ní mór iad a shaibhriú. I dtosach báire, bain sraith d'fhód féir ó láthair na plandlainne. Seachnóidh tú cnapáin fóid ar an tslí sin agus beidh sé i bhfad níos éasca ceapach síl a dhéanamh. Stóráil fóid féir i gcarn dlúth, toisc go múiríneoidh siad agus go dtairgfidh siad carn d'ithir ardchaighdeáin ar féidir í a úsáid amach anseo. Ansin, déan an láthair a thochailt agus bain clocha; ansin, scaip roinnt de na nithe seo, nó iad ar fad, thar an bplandlann: aoileach atá lofa go maith, múirín cistine, gaineamh, grean, múirín duillí, nó luatha ó shoirn dóite adhmaid. Thochail iad isteach san ithir. Coinnigh ort ag tochailt, ag scríobadh agus ag rácáil go dtí go mbaineann tú ithir mhín chuir amach. Is dea-smaoineamh é ag an gcéim seo cúpla mála a líonadh le hithir mhín a d'fhéadfadh a bheith úsáideach níos déanaí agus tú ag clúdach síolta níos lú. Ansin, athphlandaigh an suíomh plandlainne le hiomairí 1.2m ar leithead, ag fágáil claiseanna 0.5m ar leithead idir na hiomairí as a sluaisteálann tú ithir chun na síolta is mó a chlúdach.

Ba chóir na hullmhúcháin thuasluaite seo ar fad a dhéanamh ar cheapacha síl i mí Lúnasa nó i mí Mheán Fómhair, nuair a bhíonn an ithir tirim agus inoibrithe. Beidh ceapach síl ag teastáil i mí Dheireadh Fómhair le go bhféadfaí dearcáin a chur inti, arbh fhearr iad a chur de réir mar a chnuasaítear iad. Cuirtear an chuid is mó de shíolta crainn go déanach sa gheimhreadh (i mí Feabhra nó i mí an Mhárta), ach is minic a bhíonn an ithir rófhliuch le linn na tréimhse seo chun ceapach síl a réiteach. Mar gheall ar an téamh domhanda, tagann bachlóga ar shíolta níos luaithe agus iad á stóráil agus cuirfear amú iad mura bhfuil an cheapach síl réidh lena gcur inti, mar sin tá sé ríthábhachtach go seiceálann tú síolta atá ag srathú i gcoimeádáin do bhachlóga gach cúpla seachtain ó dheireadh mhí Eanáir ar aghaidh, agus go mbeidh ceapach síl réidh agat leis na síolta a chur inti nuair a thosaíonn bachlóga ag fás orthu.



https://youtu.be/a1eW8umlvg8





# Síolta agus síológa a chosaint

Uaireanta, íosfaidh lucha agus éin na síolta agus na síológa, ag brath ar an áit ina bhfuil an phlandlann crann lonnaithe agus ar cé acu atá nó nach bhfuil cait nó brocaire agat. D'fhéadfadh sé gur ghá na ceapacha síl a chlúdach le líontán caol sreinge nó le heangach chaol tomhais. Tacaigh leis an líontán trí fhonsaí iarainn a chur thar an gceapach síl. Séalaigh an eangach ar na taobhanna agus ag bun na ceapaí síl chun lucha a choinneáil amach.

De réir mar a dhéanann tú an cheapach síl a thochailt, a scríobadh agus a rácáil, bain cruimheanna amhail scoiltbhoilb agus cótaí leathair, a itheann fréamhacha agus gais, ag marú síológ de réir mar a thosaíonn siad ag fás os cionn talún. Cabhróidh ár gcomrádaí garraíodóireachta, an Spideog, linn trí roinnt de na cruimheanna a ithe.

I roinnt blianta, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh coincleach phúdrach ar an Dair agus fadhbanna a chruthú di, nó d'fhéadfadh sé gurbh ionfhabhtú tromchúiseach í coincleach phúdrach ar an Sceach Gheal. Ní mharóidh sí plandaí ach d'fhéadfadh sí an ráta fáis a mhoilliú, ar shlí go mbeadh bliain bhreise fáis ag teastáil ó phlandaí le go mbeidís réidh le baint. Rialaigh coincleach trí sprae orgánach baile nó roghanna eile neamhcheimiceacha a úsáid.

**Tuaslagán Fínéagair:**
*Cuir trí spúnóg bhoird d'fhínéagar leann úll le galún uisce agus spraeáil na duilleoga gach trí lá.*

**Ola den Líológ Indiach:**
*Cuir trí spúnóg bhoird d'ola den Líológ Indiach le taespúnóg de ghallúnach leachtach agus galún uisce, ansin spraeáil na duilleoga.*

**Sprae Décharbónáite Sóidiam:**
*Cuir spúnóg bhoird de dhécharbónáit sóidiam le leath-thaespúnóg de ghallúnach leachtach agus galún uisce, bain croitheadh maith astu, agus spraeáil na duilleoga.*



© John McKeon




# Conas crainn a chur

Tá modhanna éagsúla plandaithe ann ag brath ar mhéid an chrainn agus ar mhéid a chuid fréamhacha. Is féidir buinneáin chrainn suas le 1m ar airde a chur trí pholl a dhéanamh sa talamh le spád, na fréamhacha a leathadh sa pholl, agus an fód a bhrú thar na fréamhacha arís.

Ba chóir crainn óga atá 1m ar airde nó níos mó, agus a bhfuil fréamhacha níos mó acu, a chur mar a leanas:

1. Déan poll atá 5cm níos leithne agus níos doimhne ná leathadh fhréamhacha an chrainn a thochailt.
2. Má tá an crann óg níos mó ná 1.5m ar airde agus ceann maith craobhach air, beidh cuaille ag teastáil uaidh a thacóidh leis in aghaidh damáiste ón ngaoth. Sáigh cuaille go daingean go bun an phoill, ar an taobh óna séideann an ghnáthghaoth (an taobh thiar), ionas go séidfear an crann chun siúil ón gcuaille, agus nach ndéanfar damáiste don ghas.
3. Cuir roinnt aoiligh nó múirín duillí atá lofa go maith ag bun an phoill nó cuir an múirín agus an múirín duillí leis an ithir a baineadh ón bpoll.
4. Ba chóir crainn a chur ag an leibhéal céanna agus a bhí siad ag fás sa phlandlann, leibhéal a bheidh le feiceáil mar mharc ithreach agus sna dathanna éagsúla ar an ngas díreach os cionn na bhfréamhacha.
5. Leathnaigh na fréamhacha ar fud an phoill agus cuir cúpla sluasaid ithreach orthu. Croith an crann go bog le go dtéann ithir idir na fréamhacha ar fad. Cuir níos mó ithreach sa pholl agus brúigh isteach é. Ansin, cuir isteach an chuid eile den ithir agus brúigh isteach le do chos í.
6. Cheangail an crann curtha den chuaille. Oibríonn ceangail speisialta chrainn, a bhfuil strapa agus búcla acu, go maith agus tá siad éasca le húsáid. Is féidir ceangail bhaile phlaisteacha, heiseáin nó chanbháis a úsáid atá ar a laghad 3cm ar leithead. Ceangail an gas leis an gcuaille tríd an ábhar a chasadh mar chor an phionna trí huaire agus trí na deirí a cheangal ar deireadh timpeall lár chor an phionna, rud a chuirfidh cúisín breise ar fáil idir an crann agus an cuaille.
7. Ní mór go gcosnófaí crainn ar ainmhithe feirme agus fiáine dá mbeadh rochtain acu ar do phlandlann. Beidh tionchar ag achar na láithreach, líon na gcrann a chuirtear, agus an cineál riosca ar an rogha chosanta. Cuir suas fál teorann timpeall na láithreach ar fad chun beostoc a choinneáil amach, agus cuir líontán sreinge le heangach níos lú ná 2cm air má tá coiníní ag cruthú deacrachtaí. Mar aon le fál teorann chun smacht a choinneáil ar bheostoc, is féidir gach crann a chosaint le clúdach bíseach plaisteach, le fál eangaí, nó le cosaint baile atá gearrtha as dramhphíobáin phlaisteacha draenála.




Fásann roinnt síolta crainn go tapa agus is féidir leo a bheith réidh le cur lasmuigh ina láthair deiridh tar éis bliain amháin, ach bíonn dhá bhliain ag teastáil ón gcuid is mó de chrainn óga sula mbeidh siad réidh leis an bplandú deiridh. Cuir crainn óga ag an doimhneacht chéanna ar a raibh siad ag fás sa phlandlann. Cuir crainn go luath sa bhliain - i mí Eanáir, mí Feabhra nó i mí an Márta - ionas go mbeidh a gcuid fréamhacha seanbhunaithe sula mbuailfidh triomach iad. Bain fiailí ó na crainn agus déan iad a uisciú de réir mar is gá ar feadh cúpla bliain le tús maith a thabhairt dóibh.

# Iarchúram

Níl an cúram curtha i gcrích nuair a chuirtear na crainn. Chun bunú agus fás maith a bhaint amach i measc na gcrann, cuir na pointí seo a leanas san áireamh:

1. Má tá an ithir an-tirim nuair atá crainn á gcur, déan iad a uisciú go maith le go socróidh a gcuid fréamhacha san ithir agus le go bhfásfaidh na fréamhacha sin. Má tá an aimsir an-tirim ar feadh tamall fada (triomach) le linn na chéad bhliana nó an dara bliain, lean ort á n-uisciú. Faigheann an-chuid crainn óga bás mar gheall ar easpa uisce.
2. Má chuirtear crainn i dtalamh thorthúil, ní bhíonn leasachán uathu de ghnáth, ach, más gá, cuir leasachán éadrom a bhfuil leibhéal íseal nítrigine ann orthu, e.g. 10:10:20. Rogha níos fearr is ea móta d'aoileach, de mhúirín nach ndéantar as caonach móna nó de mhúirín duillí atá lofa go maith a chur air, rud a chothóidh an crann, a choinneoidh tais é, agus a chuirfidh smacht ar fhiailí.
3. Déan na crainn a sheiceáil i ndiaidh drochstoirmeacha lena chinntiú go bhfuil riocht maith ar chuaillí agus ar cheangail (má tá siad ceangailte leo). Déan na ceangail a shocrú ionas nach bhfuil siad ag gearradh isteach ar ghais inleathnaithe.
4. Déan machnamh ar bhunphrúnáil a dhéanamh chun craobhacha marbha nó craobhacha atá ag fás sa treo mícheart a bhaint. Má tá sé beartaithe agat oidhreacht a fhágáil ag na glúnta atá le teacht, agus daracha maorga a chur chun bíomaí ollmhóra a chur ar fáil do chaisleáin nó d'ardeaglaisí, bheadh sé ciallmhar saineolas ar phrúnáil a fháil.



# Coimeád taifead

Is dea-chleachtas é sonraí ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le fás crann a thaifeadadh. Déan sonraí maidir le láithreacha agus dátaí cnuasaigh síolta, cóireáil agus stóráil síolta, dátaí péactha agus síolaithe, agus lotnaidí agus galair a thaifeadadh. Tabharfaidh na taifeadtaí seo tuiscint níos doimhne duit ar dhea-chleachtas plandlainne, agus éiríonn siad níos tábhachtaí de réir mar a fhásann tú cineálacha éagsúla crann. De ghnáth, bíonn sé níos éasca crainn a shainaithint nuair atá siad faoi bhláth, mar sin déan an áit ina bhfuil siad ag fás a thaifeadadh agus is féidir leat filleadh ar an láthair chéanna le linn thréimhse an fhómhair, nuair nach mbíonn sé chomh héasca na síolta a fheiceáil.

Is féidir leis an aimsir tráth an bhláthaithe – amhail tréimhsí fada báistí, stoirmeacha earraigh nó sioc déanach – tionchar a imirt ar bhaill an bhlátha agus ar ghníomhaíocht na bpailneoirí, rud a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar tháirgeadh na síolta. Mar gheall ar an ngalar Dúitseach leamhán sna 1970idí agus an Críonadh Siar Fuinseoige ar phlandaí iompórtáilte ó bhí 2012 ann, maraíodh na milliúin crann in Éirinn. Cuireann an téamh domhanda agus an taisteal domhanda leis an mbaol go dtabharfar galair nua chrainn isteach ón iasacht. Nuair atá tú ag taisteal thar lear, ná tabhair plandaí nó síolta abhaile leat go hÉirinn gan an t-údarú cuí a fháil. Chun cúnamh deontais a fháil faoi scéimeanna comhshaoil, ní mór crainn bhunáitíochta dhúchasacha a chur agus ní mór go mbeadh pas planda acu. Ní mór go mbeadh saothróirí cláraithe le Rannóg Sláinte Plandaí na Roinne Talmhaíochta, a dhéanann iniúchadh ar phlandlanna crann chun galair agus lotnaidí a aimsiú agus a chosc – mar sin, is gá taifeadtaí maithe a choinneáil.

Is é is brí le "Crainn bhunáitíochta dhúchasacha" ná gur crainn **dhúchasacha iad de bhunadh Mhuineacháin agus go bhfástar iad ó shíolta a chnuasaítear i Muineachán,** mar sin tá bunús géiniteach áitiúil acu. Tá sé seo tábhachtach mar:

- Oireann ithir áitiúil, aeráid áitiúil, agus lotnaidí áitiúla níos fearr dóibh.
- Cabhraíonn siad le héagsúlacht ghéiniteach agus seasmhacht na n-éiceachóras áitiúil a choinneáil.
- Tacaíonn siad le fiadhúlra dúchasach, áitiúil a bhraitheann ar na crainn seo.




# Sláinte agus sábháilteacht




Ná dreap crainn nó toir chun síolta a éiríonn aibí feadh dheirí a gcuid craobhacha san áit is laige acu a chnuasach. A oiread agus is féidir, fan ar an talamh agus úsáid maide crúcach chun craobhacha a tharraingt anuas. Cinntigh go mbíonn dréimire nó céimeanna daingnithe go maith nó bíodh duine éigin leat le greim a choinneáil orthu.




Caith lámhainní tromshaothair agus síolta á gcnuasach agat ó thoim dheilgneacha amhail an Sceach Gheal agus an Draighean. Bain aon dealga leabaithe a luaithe is féidir chun ionfhabhtú a chosc agus bíodh bosca garchabhrach agat in aice láimhe.





Faigh cead má tá tú ag cnuasach síolta ar thalamh príobháideach. Bí feasach ar bhaol na n-ainmhithe. Bíonn baol ann i gcónaí go sleamhnóidh tú nó go mbainfear tuisle asat, agus go ngortóidh tú tú féin, nuair a shiúlann tú ar thalamh gharbh, ar bhruacha cré, ar fhéir agus ar dhuilleoga, ar féidir leo a bheith sleamhain, go háirithe nuair a bhíonn siad fliuch.




Cónaíonn francaigh, lucha agus éin timpeall crann agus fálta agus faigheann siad a gcuid bia sna timpeallachtaí sin. Bíonn galair acu ar féidir iad a scaipeadh go daoine daonna, mar sin nigh do lámha go maith i ndiaidh duit síolta a chnuasach, go háirithe má tá tú á gcnuasach ón talamh. Déan cinnte gur eispéireas sábháilte taitneamhach don teaghlach é bailiú síolta.





# Ár gCrainn Dhúchasacha





https://iwt.ie/seeds_of_inspiration

# Fearnóg

## *Alnus glutinosa*

Is crann meánmhéide í an Fhearnóg, a fhásann suas le 18m ar airde in áiteanna taise timpeall lochanna, talamh riascach, agus aibhneacha, áiteanna ina ndéanann a cuid fréamhacha an bruach a chosaint ar chreimeadh. Tá nóidíní ar fhréamhacha na Fearnóige a bhfuil baictéir iontu a thógann nítrigin ón aer, rud a chabhraíonn leis an gcrann fás in áiteanna fliucha agus a leasaíonn an talamh do phlandaí eile atá ag fás i ndrochthalamh míntírithe. Tá adhmad na Fearnóige díonach ar lobhadh san uisce agus d’úsáidtí é chun bualchomhlaí agus geataí loic a dhéanamh do chanálacha, agus chun coimeádáin leachta, paitíní, píobáin uisce, agus pílí adhmaid, a thacaíodh le foirgnimh a tógadh ar thalamh fhliuch, a dhéanamh. Freagraíonn an Fhearnóg go maith don bharrscoitheadh agus táirgeann sí adhmad tine agus fioghual maith. Is crann í a chuireann go mór leis an bhfiadhúlra, ag cur gnáthóg agus bia ar fáil d’an-chuid feithidí, agus itheann Siscíní agus Lasracha Coille a cuid síolta. Fásann buaircíní baineanna agus caitíní fireanna ar an gcrann céanna agus tá siad gaothphailnithe. Fanann na síolta ar barr uisce agus leathann siad air.

### Bailiú Síolta

Bailigh buaircíní aibí i mí Dheireadh Fómhair nó i mí na Samhna ó chrainn agus ón talamh. Déan buaircíní a stóráil in áit thirim, aerach. De réir mar a thriomaíonn buaircíní, osclaíonn siad, agus má chroitheann tú i mála iad, scaoiltear na síolta. Úsáid rilleán chun síolta a scaradh ó bhuaircíní.

### Stóráil

Déan síolta a stóráil i mála éadaigh in áit thirim, fhionnuar go dtí an t-earrach. Ná déan síolta a stóráil i mála plaisteach toisc go dtiocfaidh coincleach orthu mar gheall ar easpa aeir, agus go laghdófar a gcumas fáis.









### Síolchur

Is féidir síolta a chur san fhómhar ag am a gcnuasaigh mar a tharlaíonn sa dúlra. I gcás síolta stóráilte, baineann tréimhse fhada síolraithe leo idir mí an Mhárta agus mí Bhealtaine toisc gur síolta tirime iad agus nach mór uisce a chur orthu lena bpéacadh. Cuir síolta tirime stóráilte in uisce fuar ar feadh 24 uair, ansin draenáil an t-uisce agus cuir na síolta i ngaineamh tais. Ansin, cuir i gcuisneoir iad ar feadh ceithre go sé seachtaine. Oireann tráidirí síl go mór dóibh siúd atá ag táirgeadh ar an mionchóir. Croith síolta ar mhúirín fliuch. Ní gá na síolta a chlúdach le múirín toisc gur féidir tráidirí a bhogadh go héasca go háit faoi scáth, agus iad a chlúdach le gloine nó le plaisteach lena gcoinneáil tais. Má tá tú táirgeadh ar an mórchóir, croith na síolta ar iomaire. Déan an cheapach síl a rolladh chun teagmháil mhaith a bhaint amach idir na síolta agus an ithir. Clúdaigh na síolta le 3mm de ghaineamh garbh. Tá sé ríthábhachtach go gcoinnítear an cheapach síl tais agus go ndéantar í a uisciú gach lá tirim, grianmhar go dtí go bpéacann na síolta agus go mbíonn siad seanbhunaithe. Rachaidh an tanú agus an trasphlandú chun tairbhe bairr an-tiubh síológ. Fásann an Fhearnóg go tapa agus is féidir léi a bheith réidh le cur lasmuigh tar éis bliain amháin, ach bíonn dhá bhliain ag teastáil uaithi de ghnáth.

https://youtu.be/sTWvUB9J_aQ



# Draighean fearna

## *Frangula alnus*

Is tor nó crann beag é an Draighean Fearna, a fhásann suas le 5m ar airde agus tá sé ar cheann de na crainn is neamhchoitianta in Éirinn. Fásann sé in ithreacha taise móna, ar draenáladh roinnt mhaith dóibh, agus scriosadh a ghnáthóg dá bharr. Níl sé gaolta leis an bhFearnóg, ach faightear é ag fás taobh leis an bhFearnóg in ithreacha atá fliuch gan a bheith síorfhliuch. Osclaíonn bláthanna idir mí Bhealtaine agus mí an Mheithimh, agus bíonn idir bhaill fhireanna agus bhaill bhaineanna iontu. Éiríonn na bláthanna, a bpailníonn feithidí iad, ina gcaora glasa a thagann dath dearg agus, ar deireadh, dath dubh orthu nuair a bhíonn siad aibí. D'úsáidtí a cuid adhmaid chun fioghual ardchaighdeáin a dhéanamh, agus d'úsáidtí a cuid caor mar ruaimeanna. Cuireann sé neachtar ar fáil d'fheithidí, caora ar fáil d'éin, agus itheann larbhaí na buíóige ruibhí a chuid duilleog.

### Bailiú Síolta

Déan na caora a chnuasach de réir mar a éiríonn siad aibí agus a thagann dath dubh orthu i mí Mheán Fómhair, i mí Dheireadh Fómhair nó i mí na Samhna. I measc áiteanna eile, tá stráicí den Draighean Fearna le feiceáil i bPortach na Loilí Móire, Co. Chill Dara; agus i gCoill Eoin, an Leathcheathrú, Co. Ros Comáin. Fásann sí mar thoir feadh na talún sa Bhoirinn, Co. an Chláir; agus mar ghrúpa mór toim i bPáirc Peatlands, Co. Ard Mhacha – chun caora a chnuasach ón láthair seo, ní mór duit ceadúnas a fháil ón Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe, Tuaisceart Éireann.

### Stóráil Síolta

Bain na síolta agus déan iad a ní chun fáil réidh leis an mbia agus leis an gcraiceann. Cuir na síolta leis an gcumasc srathaithe agus déan iad a stóráil lasmuigh ar feadh geimhreadh amháin.

### Síolchur

Seiceáil na síolta do chomharthaí péactha i mí Feabhra nó i mí an Mhárta agus cuir iad i bpotaí nó i dtráidirí. Leath líon níos mó síolta ar cheapach mhín síl agus clúdaigh iad le 5mm d'ithir gharbh. Coinnigh an cheapach síl tais i gcónaí agus saor ó fhiailí.








https://youtu.be/aaRVLkCuyTI

# Fuinseog

## *Fraxinus excelsior*


© Deirdre Macklin



Is crann mór í an Fhuinseog, a fhásann suas le 30m in airde, agus tá sí ar cheann de na crainn is forleithne a fhaightear i bhfálta sceach agus i gcoillearnacha. Fásfaidh sí sa chuid is mó d'ithreacha, ach oireann ithreacha saibhre, taise is fearr dó. Tá a cuid adhmaid bán, dian agus solúbtha, agus baineann an-chuid feidhmeanna leis. D'úsáidtí é chun troscán, cosa uirlisí, dréimirí, maidí siúil (planda Fuinseoige na hÉireann), ciúnna snúcair agus maidí rámha a dhéanamh. Tagraíonn an frása "Ceol na gCamán" don chaoi a n-úsáidtear í chun camáin a dhéanamh. Táirgeann an Fhuinseog adhmad iontach tine; tá cion íseal taise aige agus is féidir é a dhó glas, ach ar nós gach cineáil adhmaid, dónn sé is fearr nuair atá sé stálaithe agus tirim. Freagraíonn an Fhuinseog go maith don bharrscoitheadh, ag táirgeadh cuaillí díreacha a úsáidtear mar chuaillí taca, mar chuaillí fáldluí agus mar cheanglóirí. Tá an Fhuinseog ar cheann de na crainn is déanaí a thagann faoi dhuilliúr agus ar cheann de na chéad chrainn a chailleann a chuid duilleog san fhómhar, ag caitheamh scáth éadrom mar sin, rud a ligeann d'fhásra saibhir fás mar shraith mheánach faoi. Fásann an Fhuinseog i gcoillearnacha measctha agus i bhfálta le sraith mheánach de Choll, de Chuileann agus de fhlóra talún, rud a chiallaíonn go gcuireann an crann seo go mór leis an bhfiadhúlra. Fásann bláthanna fireanna agus baineanna ar chrainn éagsúla agus tá siad gaothphailnithe. Éiríonn bláthanna baineanna ina síolta sciathánacha, nó 'eochracha', agus scaipeann an ghaoth agus na héin iad. Mar gheall ar theacht chun cinn an Chríonta Siar Fuinseoige in Éirinn, galar a tugadh isteach ar chrainn óga iompórtáilte, tá amhras ann anois faoi thodhchaí na Fuinseoige; faoi láthair, níl aon chrainn Fuinseoige á bhfás nó á gcur. Tá luibheolaithe agus foraoiseoirí ag cur a muiníne i dtréithchineál frithsheasmhach Fuinseoige a roghnú. Má tharlaíonn sé seo, déan an Fhuinseog a fhás ar an gcaoi seo a leanas.

### Bailiú Síolta


Cnuasaigh eochracha Fuinseoga ó mhí Mheán Fómhair go mí na Samhna.

### Stóráil

Cuir na síolta leis an gcumasc srathaithe agus déan iad a stóráil i gcoimeádáin ar feadh 16 mhí – dhá gheimhreadh.

### Síolchur

Déan na síolta a sheiceáil do chomharthaí fáis ó mhí Feabhra ar aghaidh, i ndiaidh an dara geimhreadh. Má tá tú ag táirgeadh ar an mionchóir, cuir síolta a bhfuil bachlóga orthu i dtráidirí. Má tá tú ag táirgeadh ar an mórchóir, cuir síolta ar iomairí trí shíolta a chroitheadh nó trína gcur i rónna agus i línte, ag fágáil spás 10cm x 10cm eatarthu. Clúdaigh na síolta le 15mm d'ithir. Déan na ceapacha síl a uisciú agus bain fiailí uathu. Féin-síolóidh an Fhuinseog ar bhonn rialta. Tagaim uirthi go minic agus í ag fás i measc crainn eile i mo phlandlann agus i mo gharraí glasraí. Is féidir iad seo a bhaint agus a athphlandú in áiteanna oiriúnacha.


© Deirdre Macklin


© Liam Murtagh

# Beith chlummach
*Betula pubescens*

# Beith gheal
*Betula pendula*




Is crainn chaola mheánmhéide iad crainn bheithe ar a mbíonn craobhacha caola agus duilleoga beaga. Is féidir leis an mBeith Chlúmhach fás i dtalamh thais, ach oireann talamh níos tirime don Bheith Gheal. Is speiceas ceannródaíochta í an Bheith, agus tá sí ar cheann de na chéad chrainn a rinne féinsíolú i dtalamh a cuireadh as riocht de bharr tuilte, tine, nó glanleagan crann. Fásann an Bheith Chlúmhach níos forleithne in áiteanna fiáine agus tá coirt liath aici. Tá coirt bhán airgeadúil ag an mBeith Gheal, a scoilteann agus a thiteann ón gcrann, agus bíonn an-tóir uirthi lena cur i bpáirceanna agus i ngairdíní dá bharr. Cuireann crainn bheithe go mór leis an bhfiadhúlra, ag cur gnáthóg ar fáil do 200 speiceas, agus cuireann a gceannbhrat oscailte dálaí oiriúnacha maireachtála ar fáil do fhlóra maith talún. Táirgeann siad barr mór síolta a chuireann bia ar fáil d'éin. Crann is ea an bheith a fhásann go tapa ach nach maireann i bhfad, agus tosaíonn an lobhadh agus an crann thart ar 40 bliain d'aois. D'úsáidtí adhmad na Beithe chun spóil agus spóilíní a dhéanamh do mhuilte teicstíle agus d'úsáidtí a craobhacha caola chun scuaba a dhéanamh. Is féidir sú na gcrann Beithe a bhearnú de réir mar a ardaíonn sé i mí Aibreáin.

### Bailiú Síolta
Cnuasaigh caitíní aibí Beithe i mí Mheán Fómhair nó mí Dheireadh Fómhair ó áiteanna fiáine. Seachain crainn i ngairdíní, i bpáirceanna agus ar thaobh bóithre, toisc go bhféadfadh saothróga ón iasacht a bheith ann.

### Stóráil
Cuir caitíní in áit thirim, aerach agus scaoilfidh siad a gcuid síolta, ar chóir iad a stóráil i mála líontáin a bhfuil aerchúrsaíocht mhaith ann.

### Síolchur
Is féidir síolta na Beithe a chur ag am a gcnuasaigh le linn an fhómhair nuair a fhéin-síolaíonn sí i lánaí gairbhéil agus i gclóis. Ach, toisc nach mairfidh siad sna háiteanna seo, bain iad agus athphlandaigh iad in áiteanna oiriúnacha. Cuir na síolta stóráilte i dtráidirí síl nó i gceapacha síl i mí an Mhárta nó i mí Aibreáin. Déan an cheapach síl a rolladh chun teagmháil mhaith a bhaint amach idir na síolta agus an ithir. Clúdaigh tráidirí síl le gloine nó le plaisteach lena gcoinneáil tais agus fág faoi scáth iad, in áit nach mbeidh an ghrian ag soilsiú go díreach orthu. Clúdaigh ceapacha síl le sraith an-tanaí ghainimh toisc gur síolta solasmhothálacha iad síolta na Beithe. Tá sé ríthábhachtach go gcoinnítear an cheapach síl tais go dtí go bpéacann na síolta agus go mbíonn siad seanbhunaithe. Fásann síológa beithe go tapa.








https://youtu.be/pXa7I4vcpfA



# Draighean

## *Prunus spinosa*



© Sinead Hogan

Fásann an Draighean mar thor deilgneach de ghnáth, agus uaireanta mar chrann beag. De réir mar a scaipeann a chuid fréamhacha, fásann plandaí nua uathu ar a dtugtar 'meatháin', as a bhféadfadh scrobarnach dhlúth fás sna goirt mura ngearrtar an suíomh nó mura ndéantar ach innilt éadrom air. Toisc gur tor deilgneach é, is rogha mhaith é chun fálta sceach stocdhíonacha feirme a dhéanamh. Táirgeann sé cnuasaigh dhlútha de bhláthanna beaga bána i mí an Mhárta, agus ansin tagann na duilleoga air. Éiríonn na bláthanna, a bpailníonn feithidí iad, ina n-airní, caora searbha inite as a ndéantar biotáille airní. Úsáidtear gais an Draighin chun maide siúil ar a dtugtar an 'tsail éille' a dhéanamh. Cuireann an crann seo go mór leis an bhfiadhúlra, toisc go dtagann barr mór luath de bhláthanna air do na feithidí, go dtagann caora air go déanach san fhómhar do na héin, agus go gcuireann a chraobhacha dlútha foscadh sábháilte agus suíomhanna neadaireachta ar fáil.

### Bailiú Síolta

Cnuasaigh na hairní nuair a thagann dath gormdhubh orthu i mí Dheireadh Fómhair. Caith lámhainní leathair mar, má scríobann an Draighean thú, d'fhéadfadh sé go dtosódh an chneá ag déanamh angaidh, agus d'fhéadfá nimhiú fola a fháil dá bharr.



© Sinead Hogan

### Stóráil

Má dhéanann tú airní a stóráil i mála plaisteach ar feadh cúpla seachtain, lobhfaidh an bia agus éireoidh sé níos boige. Bain na síolta ón mbia agus nigh go cúramach iad. Cuir na síolta leis an gcumasc srathaithe agus déan iad a stóráil lasmuigh ar feadh geimhreadh amháin. Toisc gur síolta iad a bhíonn measartha mór, ní mór iad a chosaint ar lucha.

### Síolchur

Seiceáil na síolta do chomharthaí péactha i mí Feabhra nó i mí an Mhárta. Má tá líon beag síolta agat, roghnaigh síolta atá ag péacadh agus cuir i bpotaí nó i dtráidirí iad. Croith líon níos mó síolta ar cheapach mhín síl agus clúdaigh le 20mm d'ithir. Coinnigh an cheapach síl uiscithe agus saor ó fhiailí, cuir lasmuigh iad i ndiaidh dhá bhliain fáis toisc go bhféadfadh sé go dteipfeadh ar chrainn óga atá níos sine má dhéantar iad a thrasphlandú.



© Sinead Hogan

https://youtu.be/Du-dFQVnu8

# Crann silíní fiáin

## *Prunus avium*


Crann meánmhéide is ea an Crann Silíní Fiáin, a fhásann suas le 20m ar airde. Is crann é a mbíonn an-tóir air lena chur i bpáirceanna agus i sráid-dreacha, mar gheall ar an mbarr mór de Bhláthanna na sceiche gile a thagann air agus an choirt dheargdhonn atá aige ar a bhfuil línte cothrománacha bánbhuí le sonrú. Oireann ithir mhaith, thorthúil is fearr dó ar chiumhaiseanna coillearnaí agus i bhfálta sceach. Cuireann an Crann Silíní Fiáin go mór leis an bhfiadhúlra – tagann bláthanna air d'fheithidí pailnitheacha, tagann silíní air d'éin agus do mhamaigh, agus itheann boilb féileacán agus leamhan a chuid duilleog. Úsáidtear a chuid adhmaid, atá crua, deargdhonn, chun troscán agus uirlisí ceoil a dhéanamh.

### Bailiú Síolta

Cnuasaigh caora ón gcrann go déanach i mí Iúil agus ón talamh le linn mhí Lúnasa nó mhí Meán Fómhair. Bí aireach, toisc go bhféadfadh na héin gach caor ar chrann a ithe.



© John McKeon



© Liam Murtagh

### Stóráil

Bain bia ón síol agus nigh é. Cuir na síolta leis an gcumasc srathaithe agus déan iad a stóráil lasmuigh ar feadh an gheimhridh. Toisc gur síolta measartha móra iad, bíonn baol ann go n-íosfaidh lucha iad, mar sin clúdaigh an pota le líontán caol.


### Síolchur

Le linn geimhrí níos cineálta, seiceáil na síolta stóráilte go rialta do chomharthaí péactha ó mhí Eanáir ar aghaidh. Roghnaigh síolta a bhfuil bachlóga orthu agus cuir i bpotaí nó i dtráidirí láithreach iad. Má tá líon mór síolta agat, croith na síolta ar cheapach mhín síl sula dtagann bachlóga orthu agus clúdaigh iad le 10mm d'ithir mhín. Coinnigh an cheapach síl tais go dtí go bhfásann síológa agus le linn triomaigh. Fásann Crainn Silíní Fiáine plandaí nua trí mheatháin, ar féidir iad a bhaint le linn an tséasúir shuanaigh. Fásann Crann Silíní Fiáin go han-tapa.

https://youtu.be/SseA0UIw-2g

# Donnroisc

## *Prunus padus*


© Deirdre Macklin

Crann beag neamhchoitianta is ea an Donnroisc, a fhásann i gcoillearnach thais agus i bhfálta sceacha. Fásann diasa de bhláthanna bána air i mí Aibreáin, a bpailníonn feithidí iad agus a éiríonn ina silíní dubhdhearga. Is crann maith é don fhiadhúlra, a chuireann pailin agus neachtar ar fáil d'fheithidí, a chuireann caora ar fáil d'éin agus do mhamaigh, agus a chuireann duilleoga ar fáil mar bhia do na boilb. D'úsáidtí an t-adhmad deargdhonn chun troscán agus deileadh adhmaid a dhéanamh.

### Bailiú Síolta

Cnuasaigh caora ón gcrann nuair a thagann dath dubh orthu roimh lár mhí Lúnasa toisc nach fada go n-íosfaidh na héin na síolta ar fad.


© John McKeon

### Stóráil

Bain na síolta ón mbia agus nigh na síolta. Cuir na síolta leis an gcumasc srathaithe agus déan iad a stóráil lasmuigh ar feadh geimhreadh amháin.

### Síolchur

Le linn geimhrí níos cineálta, beidh ort na síolta stóráilte a sheiceáil do chomharthaí péactha gach cúpla seachtain, ag tosú go déanach i mí Eanáir. Roghnaigh síolta a bhfuil bachlóga orthu agus cuir láithreach iad i bpotaí nó i dtráidirí. Má tá líon mór síolta agat, croith na síolta, sula dtagann bachlóga orthu, ar cheapach mhín síl agus clúdaigh iad le 10mm d'ithir mhín. Coinnigh an cheapach síl tais go dtí go bhfásann síológa agus go dtí go mbeidh na síológa sin seanbhunaithe, agus le linn triomaigh. Fásann an Donnroisc go réidh ó ghearrthóga.




https://youtu.be/HNMpgPbTfK0

# Crann-fia-úll

## *Malus sylvestris*


© Sinéad Hogan

Crann beag suas le 8m ar airde. Tugtar Sceach Fia-úll air chomh maith toisc go mbíonn dealga feadh ghais an chrainn fia-úll dhúchasaigh. Bíonn an-tóir air lena chur i bpáirceanna agus i ngairdíní toisc gur crann beag é, a dtagann flúirseach bláthanna pincbhána air san earrach, agus barr flúirseach d'úlla air san fhómhar. Cuireann an crann seo leis an bhfiadhúlra, déanann feithidí é a phailniú, agus itheann éin agus mamaigh na fia-úlla géara buíghlasa a fhásann air. Is minic a fhásann Crainn Fia-úll mar chrainn aonair i gcoillte agus i bhfálta sceach, agus achar maith idir crainn aonair. Ba as pórú roghnaitheach na gcrann fia-úll a tháinig úlla úlloird an lae inniu. Fástar iad timpeall seanáitribh feirme chun glóthach an chrainn fia-úll a dhéanamh. Is minic a chuirtear in úlloird tráchtála iad toisc gur crainn phailneora den scoth iad d'úlla saothraithe mar gheall ar an tréimhse fhada bhláthaithe a bhaineann leo.


© John McKeon

### Bailiú Síolta

Cnuasaigh úlla agus iad aibí i mí Dheireadh Fómhair, cé go bhféadfaidís maireachtáil san fhéar ar an talamh ar feadh míonna.

### Stóráil

Gearr úlla ina slisní agus bain na síolta. Cuir na síolta leis an gcumasc srathaithe agus déan iad a stóráil lasmuigh ar feadh an gheimhridh; cosain na síolta ar lucha.

### Síolchur

Seiceáil na síolta le haghaidh péacadh ó dhéanach i mí Eanáir ar aghaidh. Cuir líon beag síolta a bhfuil bachlóga orthu i bpotaí nó i dtráidirí. Má tá líon níos mó síolta agat, cuir i gceapach mhín síl iad agus clúdaigh iad le 10mm d'ithir mhín. Bíonn na síológa leochaileach le linn tréimhsí seaca go déanach i mí Aibreáin nó i mí Bealtaine agus ba chóir clúdach sealadach a chur orthu ar oícheanta den chineál sin.

https://youtu.be/2h-cbbO4Nx4

# Caor Chon

## *Viburnum opulus*

Is tor duillsilteach dosach í an Chaor Chon, a fhásann suas le 3 mhéadar ar airde, agus táirgeann sí cnuasaigh thiubha de bhláthanna bánbhuí idir mí Bealtaine agus mí an Mheithimh, bláthanna a éiríonn ina gcaora dearga nimhiúla tréshoilseacha a bhfuil síol croíchruthach amháin iontu. Murab ionann agus rósanna gairdín, níl an Chaor Chon deilgneach, agus oireann ithreacha taise taobh le ciumhaiseanna coillte, fálta sceach agus sruthchúrsaí is fearr di. Cuireann an Chaor Chon go mór le haon fhál, mar gheall ar a barr flúirseach de bhláthanna, de chaora agus de dhuilleoga an fhómhair, a athraíonn ó dhath glas go doimhneachtaí éagsúla de dhearg. Is foinse mhaith bia iad a cuid caor d'fheithidí pailnitheacha, agus itheann na héin a cuid caor.


© Deirdre Macklin

### Bailiú Síolta

Cnuasaigh triopaill caor ón tom ísealfháis seo i mí Dheireadh Fómhair.


© Deirdre Macklin

### Stóráil Síolta

Bain na síolta ó na caora trína mbrú go cúramach le do lámha nó, i gcás líon mór caor, trína dtuargaint i mbuicéad. Nigh le huisce chun na síolta a scaradh ón gcraiceann agus ón leacht dearg. Cuir na síolta leis an gcumasc srathaithe agus déan iad a stóráil i bpotaí lasmuigh ar feadh geimhreadh amháin.

### Síolchur

Tá patrún fáis neamhghnách ag síolta na Caoire Con toisc go bhfásann fréamhacha orthu i mbliain 1 ach nach bhfásann gais agus duilleoga orthu os cionn talún go dtí bliain 2. Seiceáil an pota síl do chomharthaí fáis ó am go chéile ó mhí an Mhárta ar aghaidh. Cuir líon beag síolta atá ag péacadh i bpotaí nó i dtráidirí síl. Croith líon níos mó síolta ar cheapach mhín síl agus clúdaigh le 10mm de mhúirín garbh. Cé nach bhfásfaidh plandaí os cionn talún go ceann 12 mhí eile, tá sé ríthábhachtach an cheapach síl a choinneáil tais agus saor ó fhiailí.




https://youtu.be/CZECZVglFPc



# Coll

## *Corylus avellana*



© John McKeon

Crann beag nó tor a fhásann suas le 10m ar airde. Tugadh "crann uasal na coille" ar an gColl faoi Dhlíthe na mBreithiúna toisc gur mhór an tábhacht a bhain leis i saol na lonnaitheoirí ársa. Ba bhia tábhachtach iad collchnónna a stóráladh thar an ngeimhreadh dár sinsir. Nuair a dhéantar é a bhearradh nó a bhunscoitheadh, ní fada go dtáirgeann an Coll slata láidre, solúbtha a d'úsáidtí chun foirgnimh chaolaigh agus dhóibe a thógáil, agus mar sparraí tuíodóireachta. Is féidir painéil do chlaí caolaigh a dhéanamh as slataí caolaigh coill. Úsáideann collóirí slata gabhlacha Coill chun fuaráin agus toibreacha faoi thalamh a aimsiú. Ba shiombail de thorthúlacht, den eolas agus den inspioráid é an Coll. Luaigh William Butler Yeats é ina dhán "The Song of Wandering Aengus". Cuireann an Coll go mór leis an bhfiadhúlra, agus itheann an-chuid mamach agus éan na feithidí a bhíonn ar na crainn agus na cnónna a fhásann orthu. Caitheann an Coll scáil éadrom, rud a ligeann do fhlóra saibhir talún fás.

### Bailiú Síolta

Cnuasaigh collchnónna ó na crainn agus ón talamh idir lár mhí Mheán Fómhair agus lár mhí Dheireadh Fómhair. Bí aireach mar íosfaidh fiadhúlra iad gan mhoill. Seiceáil a gcuid inmharthanachta trí thástáil snámhachta a dhéanamh san uisce. Fanfaidh na cnónna nach maireann ar barr uisce; rachaidh cnónna a mhaireann faoi uisce agus fásfaidh siad. Níl an tástáil seo 100% cruinn, mar sin coinnigh cnónna a fhanann ar barr uisce i gcoimeádán agus seiceáil ó am go chéile an bhfuil bachlóga tar éis teacht orthu.

### Stóráil

Cuir na cnónna leis an gcumasc srathaithe agus déan iad a stóráil i bpotaí lasmuigh ar feadh an gheimhridh. Clúdaigh potaí go daingean le líontán caol sreinge mar tabharfaidh lucha agus éin fogha faoin stóras síolta.

### Síolchur

Seiceáil síolta gach cúpla seachtain ó mhí Feabhra ar aghaidh. Cuir líon beag síolta i bpotaí nó i dtráidirí. Is féidir líon níos mó síolta a chroitheadh nó a chur 100mm óna chéile i línte agus i rónna sa cheapach síl agus iad a clúdach le 20mm de chré. Tá sé ríthábhachtach síolta a chlúdach le heangach nó le líontán caol sreinge lena gcosaint ó lucha, ó ioraí rua agus ó éin. Coinnigh an chosaint seo i bhfeidhm ar feadh seachtainí i ndiaidh do phlandaí fás os cionn talún toisc go mbíonn na cnónna fós ceangailte leis na fréamhacha, agus go mbainfidh lucha plandaí óga.



© Sinéad Hogan



© Liam Murtagh

https://youtu.be/gpquTOzPT6c

# Cuileann

## *Ilex aquifolium*






Is crann beag comónta é an Cuileann a bhíonn le feiceáil i bhfálta sceach agus i gcoillte duillsilteacha, mar a bhfásann sé mar shraith mheánach faoi scáth na gcrann mór. Is crann é a mbíonn an-tóir air do ghairdíní agus do pháirceanna toisc go bhfuil sé beag agus toisc go bhfásann duilleoga síorghlasa agus caora dearga air. Is crann maith é an Cuileann i gcomhair fálta feirme nó gairdín, toisc go gcuireann a chuid duilleoga spíonacha cosaint éigin ar fáil ar dhaoine agus ar bheithígh agus toisc go bhfuil sé fulangach ar bhearradh rialta. Bíonn crainn an Chuilinn fireann nó baineann, agus ní fhásann caora dearga ach ar na crainn bhaineanna. Cé gur crann síorghlas é, titeann duilleoga ón gCuileann agus fásann duilleoga air le linn na bliana ar fad. Tugadh "crann uasal na coille" air i ré ár sinsear in Éirinn agus maireann an nós Cuileann a úsáid chun tithe a mhaisiú um Nollaig sa lá atá inniu ann. Cé nach gcuireann sé go mór leis an bhfiadhúlra, itheann éin a chuid caor agus cuireann a fhás dlúth colgach foscadh agus cosaint ar fáil d'éin nuair a bhíonn crainn eile lom. Tá adhmad an Chuilinn bán, mínghráinneach agus oiriúnach don deileadh adhmaid nó chun cosa uirlisí a dhéanamh.

### Bailiú Síolta

D'fhéadfadh barr éagsúil caor a bheith ann ach, de ghnáth, táirgeann sé barr flúirseach aibí faoi mhí na Samhna. I roinnt blianta, d'fhéadfadh sé go n-íosfadh na héin iad ar fad faoin Nollaig, nó i mblianta eile d'fhéadfadh sé go ndéanfadh na héin neamhshuim díobh agus go bhfanfadh siad ar an gcrann go dtí mí Aibreáin. Tá roinnt mhaith saothróga Cuilinn ann ón iasacht, mar sin, cnuasaigh caora ó chrainn dhúchasacha san fhiántas.



### Stóráil

Má tá líon beag caor agat, bain na síolta ó na caora le do lámha. I gcás líon níos mó caor, déan brúitín de na caora ag baint leas as tuairgnín. Nigh na síolta le huisce chun iad a bhaint den bhia agus den chraiceann. Cuir na síolta leis an gcumasc srathaithe agus déan iad a stóráil lasmuigh ar feadh dhá gheimhreadh (16 mhí). Úsáid cumasc atá an-ghreanach agus saorshilteach toisc go lobhann síolta an Chuilinn má stóráiltear iad in áit atá rófhliuch.

### Síolchur

Mar gheall ar gheimhrí níos cineálta, d'fhéadfadh sé go bpéacfaí síolta i mí Eanáir, mar sin déan an stóras síolta a sheiceáil gach seachtain agus cuir síolta a bhfuil bachlóga orthu i bpotaí nó i dtráidirí. Croith líon níos mó síolta ar cheapach mhín síl agus clúdaigh le 8mm d'ithir mhín. Murab ionann agus an chuid is mó de chrainn eile, ní éiríonn go maith leis an gCuileann má athphlandaítear é fréamhlom. Mar sin, tar éis bliain amháin fáis, déan síológa a athphlandú i bpotaí aonair agus lig dóibh fás ar feadh dhá bhliain bhreise le go n-éireoidh siad mór go leor lena gcur lasmuigh.

https://youtu.be/nO1kYsrZ3sw

# Dair ghaelach *Quercus petraea*

# Dair ghalda *Quercus robur*

Crann náisiúnta na hÉireann is ea an Dair Ghaelach, agus is crann dúchasach é an Dair Ghallda (nó 'Dair Shasana') chomh maith. Tá foraoisí ársa Darach na hÉireann imithe le fada, mar gheall ar na céadta bliain de réiteach agus d'fhíorbheagán athphlandaithe. Tá cúpla coillearnach ársa Darach a mhaireann fós – i gCill Áirne, i nGleann Bheatha agus i nGleann Dá Loch – mar aon le cúpla stráice de sheanchoillte Darach i gcontaetha eile. Éiríonn an Dair ina crann mór lena mbaineann adhmad buanfasach an-láidir. D'úsáideadh bíomaí ollmhóra Darach i gcaisleáin agus in ardeaglaisí. Úsáidtear Doire chun veinír adhmaid, troscán, siúinéireacht, painéil adhmaid, urlárlach, agus bairillí a dhéanamh. D'úsáidtí 2,000 crann Darach chun long chogaidh nó thrádála amháin a thógáil. Úsáidtear Dearcáin agus Duilleoga Darach mar mhóitífeanna agus mar bharrghréasa ar fhoirgnimh agus ar shuiteacha mar chomhartha cáilíochta, láidreachta agus buanfais. Crann iontach is ea an Dair don fhiadhúlra, agus tacaíonn sí le níos mó speiceas ná crainn eile. Ní tháirgeann sí barr mhaith dearcán ach i mblianta áirithe – blianta 'measa' – agus is beag an líon dearcán a tháirgeann sí ar feadh cúpla bliain ansin. Mar sin, cnuasaigh agus fás dearcáin bhreise le linn bliain mheasa.



## Bailiú Síolta

Is féidir dearcáin a chnuasach ón gcrann, ach níos minice ón talamh toisc go dtiteann siad agus iad aibí go déanach i mí Mheán Fómhair nó i mí Dheireadh Fómhair.



Dair ar Loch Mucnú © Liam Murtagh

## Stóráil

Is fearr dearcáin a chur a luaithe is féidir i ndiaidh a gcnuasaigh. Le linn an gheimhridh, is féidir dearcáin a stóráil i bplandlanna móra ina bhfuil seomraí a ndéantar an teocht agus an bhogthaise a rialú iontu, ach tiocfaidh laghdú ar a gcuid inmharthanachta. Más gá, déan iad a stóráil i málaí heiseáin agus croith na málaí ó am go chéile le nach n-éireoidh na dearcáin te. Triomóidh dearcáin amach agus seargfaidh siad agus iad á stóráil, agus caillfidh siad a gcuid inmharthanachta. Chun é seo a sheachaint, croith uisce orthu. Cosain dearcáin ar chreimirí.



© Deirdre Macklin

## Síolchur

Léiríonn na fadhbanna thuasluaite gurb é an dea-chleachtas é dearcáin a chur nuair a chnuasaítear iad, agus go gcruthaíonn an cur chuige sin níos lú deacrachtaí. Chun é seo a bhaint amach, tá sé ríthábhachtach ceapacha síl a ullmhú i mí Lúnasa nó i mí Mheán Fómhair nuair a bhíonn an ithir tirim. Fág spás de 150mm idir na línte agus na rónna dearcán. Is féidir le héin agus le lucha dearcáin a ithe nuair a chuirtear iad. Chun dearcáin a chosaint, clúdaigh iad le 100mm d'ithir i mí Dheireadh Fómhair agus bain 50mm ón mbarr le ráca i mí an Mhárta; fágann sin clúdach ithreach de 50mm. De rogha air sin, clúdaigh dearcáin le 50mm d'ithir agus cuir líontán caol sreinge thar an gceapach síl chun stop a chur le lucha agus ionas nach féidir le héin na dearcáin a bhaint. Fásann fréamhacha dearcán thar an ngeimhreadh, agus tagann buinneáin orthu os cionn talún go déanach i mí Aibreáin.

https://youtu.be/6SOMJiCltzU

# Paide Bréan

## *Rhamnus catharticus*


© John McKeon

Planda dúchasach neamhchoitianta, a fhásann mar thor nó mar chrann beag suas le 9m ar airde. Fásann sé i bhfálta sceach agus ar chiumhais coillte agus oireann ithreacha aolchloiche is fearr dó. Is crann duillsilteach é Paide Bréan, ar a bhfásann baill fhireanna agus bhaineanna ar chrainn ar leithligh, mar sin cuir sé chrann go deich gcrann in aice lena chéile le pailniú a éascú agus lena chinntiú go bhfásfaidh caora orthu. Tá a chuid duilleog ubhchruthach agus fiaclach agus tá ceithre go cúig phéire d'fhéitheacha orthu, a lúbann amach ón lár agus thar n-ais chuige, ag teacht le chéile gar do bharr na duilleoige. Nuair a dhéanann feithidí iad a phailniú, éiríonn bláthanna baineanna ina mbarr mór de sméara dubha. Tá a chuid caor nimhiúil. Mar a thugann a ainm le fios, san am atá caite, d'úsáidtí na caora mar phurgóid. Cuireann a chuid bláthanna pailin agus neachtar ar fáil d'fheithidí agus itheann éin an líon mór caor a fhásann air. Itheann larbhaí na buíóige ruibhí a chuid duilleog.

### Bailiú Síolta

Táirgeann an Paide Bréan barr ollmhór caor ar chóir iad a chnuasach de réir mar a éiríonn siad aibí agus a thagann dath dubh orthu i mí Dheireadh Fómhair nó i mí na Samhna.


© Jennifer McAree

### Stóráil Síolta

Bíonn idir dhá agus ceithre shíol i ngach caor, ar chóir iad a bhaint agus a ní chun fáil réidh leis an gcraiceann agus leis an mbia. Cuir na síolta leis an gcumasc srathaithe agus déan iad a stóráil lasmuigh ar feadh geimhreadh amháin. Cosain ar lucha.

### Síolchur

Tá ráta ard péactha ag síolta an Phaide Bréan agus ba chóir níos mó spáis a thabhairt dóibh ná mar a thugtar do roinnt mhaith síolta beaga eile. Seiceáil na síolta do chomharthaí fáis i mí Feabhra nó i mí an Mhárta. Má tá líon beag síolta agat, roghnaigh síolta atá ag péacadh agus cuir i bpotaí nó i dtráidirí iad. Leath líon níos mó síolta ar cheapach mhín síl agus clúdaigh iad le 5mm d'ithir gharbh. Coinnigh an cheapach síl tais i gcónaí agus saor ó fhiailí.

https://youtu.be/zOggQq7t6NA



# Caorthann

## *Sorbus aucuparia*

Is crann beag é an Caorthann a fhásann ní hamháin i gcoillte ísealchríche agus i bhfálta sceach, ach i lomáin arda charraige chomh maith. Tugtar 'Cárthann' air chomh maith. Fásann sé i gceantair shléibhe agus tá a chuid duilleog ar chuma dhuilleoga na Fuinseoige, ach níl an Caorthann gaolta leis an bhFuinseog. Cuirtear Caorthann go forleathan i ngairdíní, i bpáirceanna agus ar chiumhais sráideanna toisc gur crann beag é, mar gheall ar na bláthanna mealltacha bánbhuí a thagann air san earrach, agus mar gheall ar an líon ollmhór de chaora cróchdhearga a thagann air san fhómhar. Tá adhmad an Chaorthainn láidir agus crua, agus tá dath buídhonn éadrom air. Úsáidtear é chun deileadh adhmaid, cosa uirlisí agus obair cheardaíochta a dhéanamh. Is crann maith é don fhiadhúlra – déanann roinnt mhaith feithidí a bhláthanna a phailniú agus iad ar thóir neachtair, agus itheann an-chuid éan a bharr flúirseach de chaora dearga.

### Bailiú Síolta

Cnuasaigh caora ó chrainn in áiteanna fiáine le linn mhí Lúnasa agus mhí Mheán Fómhair. Seachain crainn i bpáirceanna agus i ngairdíní a d'fhéadfadh a bheith mar hibridí ón iasacht.

### Stóráil

Brúigh na caora le do lámha nó le brúiteoir. Má choinnítear caora i mála poileitéine, lobhfaidh siad agus beidh sé níos éasca na síolta a bhaint. Má dhéantar caora a chnuasach i lár mhí Lúnasa, sula n-éiríonn siad iomlán aibí, féadfar síolta a tháirgeadh a fhásfaidh sa chéad earrach. Má tá caora iomlán aibí agus má dhéantar iad a chnuasach go déanach i mí Mheán Fómhair, is gnách nach bpéacfaidh na síolta go dtí an dara hearrach toisc go bhfuil tromshuanacht tar éis forbairt iontu. Nigh an síol chun craiceann agus laíon a bhaint. Cuir na síolta leis an gcumasc srathaithe agus déan iad a stóráil i bpotaí lasmuigh.

### Síolchur

Ó mhí Feabhra ar aghaidh, seiceáil na síolta do chomharthaí péactha ó am go chéile. Ag brath ar cathain a rinneadh na caora a chnuasach, fásfaidh siad sa chéad earrach nó sa dara hearrach. Is féidir líon beag de shíolta atá ag péacadh a roghnú ón gcumasc srathaithe agus a chur i bpotaí nó i dtráidirí. Croith líon níos mó síolta ar cheapach mhín síl agus clúdaigh go héadrom iad le 3-5mm de ghrean. Brúigh isteach iad agus cuir uisce orthu go minic. Tá sé ríthábhachtach an cheapach síl a choinneáil saor ó fhiailí toisc go bhfuil síológa an Chaorthainn an-bheag agus is éasca iad a bhaint mar fhiailí.



© Deirdre Macklin



© Fearghal Duffy

© Fearghal Duffy



https://youtu.be/EVehXaSOdls

# Péine Albanach

## *Pinus sylvestris*



Péine Albanach ag Coill Charranaigh
© Liam Murtagh

D'fhás an Péine Albanach go forleathan in Éirinn ar feadh na mílte bliain, go dtí gur tháinig meath air. 2,000 bliain ó shin, ceapadh go raibh sé díofa. Léiríonn staidéir a rinneadh le déanaí ar chroíleacáin ithreach i Loch Rockforest sa Bhoirinn, Co. an Chláir, go bhfuil fianaise ann go raibh pailin ón bPéine Albanach san áit sin ar bhonn leanúnach le 2,000 bliain anuas, agus go dtí seo, níor aimsíodh a leithéid in aon láithreacha eile. Thabharfadh sé sin le fios nach raibh an Péine Albanach díofa sa Bhoirinn. Ba de bhunadh Albanach an chuid is mó den Phéine Albanach a cuireadh in Éirinn le 200 bliain anuas. Tá adhmad an Phéine Albanaigh láidir buanfasach agus tugtar 'déil dhearg' air. Úsáidtear é chun cuaillí teileagraif, doirse, urláir, troscán agus adhmad foirgníochta a dhéanamh. Cuireann sé go mór leis an bhfiadhúlra, ag tacú le roinnt mhaith feithidí agus ioraí.

### Bailiú Síolta

Cnuasaigh buaircíní an Phéine Albanaigh ón gcrann nó ón talamh nuair a bhíonn siad aibí agus a chasann siad ó dhath glas go dath donn idir Mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag.



### Stóráil

Coinnigh buaircíní i mála páipéir nó i gcoimeádán oscailte ag teocht an tseomra. De réir mar a thriomaíonn buaircíní, osclaíonn siad agus scaoileann siad a gcuid síolta. Déan na síolta a stóráil go tirim i mála plaisteach sa chuisneoir. Mí sula gcuireann tú iad, cuir na síolta ón gcuisneoir leis an gcumasc srathaithe agus cuir thar n-ais sa chuisneoir iad ar feadh míosa.


### Síolchur

Tóg na síolta srathaithe ón gcuisneoir i mí an Mhárta nó i mí Aibreáin agus cuir iad i dtráidirí nó i gceapach síl. Clúdaigh na síolta le 5mm d'ithir gharbh. Brúigh síos agus coinnigh tais i gcónaí.

https://www.youtube.com/watch?v=KAWV8FPC3gg

# Feoras

## *Euonymus europaeus*




Is tor nó crann beag é an Feoras, a fhásann suas le 8m ar airde. Tá a chuid duilleog glas éadrom agus fiaclach, iad ag éirí dearg sula dtiteann siad san fhómhar. Tá gais an Fheorais glas agus cearnógach nuair atá siad óg ach éiríonn siad ciorclach de réir mar a éiríonn siad aibí. Tagann líon réasúnta de bhláthanna beaga bánbhuí ar an bhFeoras i mí Bealtaine agus, nuair a dhéanann feithidí iad a phailniú, táirgeann siad taispeántas iontach de thorthaí bándearga a mbíonn síolta geala oráiste le feiceáil iontu nuair a osclaíonn siad. Mar gheall air sin, cuireann sé go mór le haon ghairdín nó le haon fhál sceach. Itheann boilb, leamhain agus aifidí duilleoga an Fheorais, agus cuireann sé sin bia ar fáil d'fheithidí agus d'éin eile dá bharr. Tá adhmad an Fheorais bánbhuí, crua agus dlúth. D'úsáidtí é chun fearsaidí a dhéanamh chun olann a shníomh agus chun greim a choinneáil uirthi, agus chun briogúin, pionnaí agus bioráin chniotála a dhéanamh.

### Bailiú Síolta

Cnuasaigh torthaí ó thoir nó ó chrainn i mí Dheireadh Fómhair nó mí na Samhna.




### Stóráil Síolta

Bain síolta oráiste ó na torthaí bándearga. Cuir na síolta leis an gcumasc srathaithe agus déan iad a stóráil i bpotaí lasmuigh ar feadh geimhreadh amháin. Uaireanta, bíonn orthu dhá gheimhreadh a chaitheamh ag srathú sula bpéacann siad. Coinnigh síolta tais le linn na tréimhse stórála.

### Síolchur

Ó mhí Feabhra ar aghaidh, seiceáil na síolta do chomharthaí péactha ó am go chéile. Cuir líon beag síolta a bhfuil bachlóga orthu i bpotaí nó i dtráidirí. Croith líon níos mó síolta ar cheapach síl agus clúdaigh le 10mm d'ithir. Fásfaidh feoras ó ghearrthóga chomh maith. Tagann fás níos fearr ar an bhfeoras in ithreacha a bhfuil neart aoil iontu, mar sin cuir aol leis an ithir má tá sí aigéadach.




https://youtu.be/cRTzKty3r3g

# Fionncholl

## *Sorbus hibernica*


© Rory Sheehan

Is crann beag duillsilteach é, a fhásann suas le 15m in airde. Tá barr a chuid duilleog glas agus bun a chuid duilleog bán, mar a thugann a ainm le fios. Tagann cinn mhóra de bhláthanna beaga bána air i mí Bhealtaine, a bpailníonn feithidí iad agus a éiríonn aibí mar chaora dearga i mí Mheán Fómhair. Déantar roinnt mhaith speiceas d'Fhionncholl a phlandáil i ngairdíní agus páirceanna na hÉireann, agus le taobh bóithre na hÉireann. Seachain na crainn seo agus síolta á gcnuasach agat. Cuardaigh an Fionncholl Gaelach (Sorbus hibernica) in áiteanna iargúlta, ag leanúint treoracha de chuid bailitheoirí eile síolta más gá. Tá Iontaobhas Fiadhúlra Uladh tar éis taifead maith a dhéanamh ar an bhFionncholl sa láthair atá aige in Milford Cutting. D'úsáidtí a chuid adhmaid, atá buanfasach agus crua, chun rotha fiaclacha agus páirteanna eile do mheaisíní a dhéanamh. Is crann maith fiadhúlra é, toisc go meallann a chuid bláthanna feithidí agus go n-itheann éin a chuid caor.



### Stóráil

Bain na síolta as na caora a luaithe is féidir i ndiaidh a gcnuasaigh. Nigh síolta chun laíon a bhaint. Cuir na síolta leis an gcumasc srathaithe agus déan iad a stóráil i bpotaí lasmuigh ar feadh geimhreadh amháin.

### Síolchur

Ó mhí Eanáir nó mí Feabhra ar aghaidh, seiceáil na síolta stóráilte do chomharthaí péactha. Mura bpéacann ach líon beag síolta, nó mura bpéacann aon síolta, le linn an chéad earraigh, coinnigh na síolta ar feadh bliain bhreise, agus d'fhéadfadh níos mó síolta fás i ndiaidh an dara geimhreadh. Cuir líon beag de shíolta atá ag péacadh i bpotaí nó i dtráidirí. Croith líon níos mó síolta ar cheapach mhín síl agus clúdaigh le 3-5mm d'ithir mhín. Coinnigh an cheapach síl tais i gcónaí agus saor ó fhiailí.

### Bailiú Síolta

Cnuasaigh síolta aibí ón gcrann i lár mhí Mheán Fómhair. Níos déanaí, nuair a bhíonn na síolta ar fad imithe ón gceann, is gnách go mbíonn síolta le fáil ar an talamh. D'fhéadfadh síolta atá ró-aibí dul faoi thromshuan, agus d'fhéadfadh sé nach bpéacfaidís go dtí go gcaithfidís dhá gheimhreadh ag srathú.


© John McKeon

https://youtu.be/_1ZVArklkQg



# Sceach Gheal

## *Crataegus monogyna*

Tugtar 'Hawthorn' nó 'Quickthorn' ar an Sceach Gheal chomh maith. Tá an Sceach Gheal ar cheann de na crainn is forleithne in Éirinn, a fhásann, mar thor nó mar chrann beag suas le 10 méadar ar airde, i ngach cineál ithreach seachas talamh fhliuch. Toisc gur crann deilgneach dlúth í, is rogha den scoth í chun fálta sceach stocdhíonacha feirme a dhéanamh. Cuireann bearradh, bunscoitheadh agus fáldluí lena fás, agus ní mór iad seo a dhéanamh lena coinneáil stocdhíonach. Tagann duilleoga uirthi i mí Aibreáin, agus barr flúirseach de bhláthanna bána i mí Bealtaine, a tháirgeann sceachóirí dearga san fhómhar nuair a dhéantar iad a phailniú.

Baineann an-chuid béaloidis leis an Sceach Gheal. Tá an-chuid scéalta ann maidir le daoine a ndearnadh dochar dóibh nó a fuair bás toisc go ndearna siadsan dochar do 'Sceach Gheal aonair' nó don 'Sceach Sí', nó toisc gur bhain siad sceach dá leithéid. Is crua é a cuid adhmaid ach níl an-chuid feidhmeanna leis toisc go bhfásann sé i stráicí beaga, lúbtha. Déanann sé connadh agus gualach den scoth. Cuireann barr mór de Bhláthanna na sceiche gile neachtar ar fáil d'fheithidí agus is aoibhinn le héin an barr mór caor a fhásann uirthi, caora a d'fhéadfadh maireachtáil ar feadh míonna.

### Bailiú Síolta

Má tá an-chuid den Sceach Gheal ann, táirgeann siad barr maith de sceachóirí ar chóir iad a chnuasach i mí Dheireadh Fómhair nó i mí na Samhna.



© Deirdre Macklin

https://youtu.be/0WXHk6MW-X0

### Stóráil Síolta

**Rogha 1:** Má tá tú ag próiseáil líon beag caor, brúigh na caora i mbuicéad agus nigh an craiceann agus an bia ó na síolta. Cuir na síolta leis an gcumasc srathaithe agus déan iad a stóráil lasmuigh ar feadh dhá gheimhreadh. Seiceáil na síolta sa dara Feabhra do chomharthaí fáis, agus cuir i dtráidirí síl nó i gceapach síl iad. Clúdaigh le 20mm d'ithir.
**Rogha 2:** Má tá tú ag próiseáil líon mór caor, d'fhéadfá an-chuid ama a chaitheamh ag baint an bhia ó na síolta. Sa chás seo, déan na caora a stóráil i gcairn ar an talamh in áit faoi scáth agus iad clúdaithe le matrach a ligeann an bháisteach tríd. Lobhann an bia ó na síolta le linn dhá gheimhreadh stórála (16 mhí). Cosain ar lucha.

### Síolchur


Croith síolta go luath i mí an Mhárta i mbliain 2 ar iomaire síl agus clúdaigh le 20mm d'ithir. Tar éis dhá bhliain fáis, ba chóir go mbeadh na crainn bheo óga mór go leor i gcomhair plandú fálta. Bíonn plandaí óga na Sceiche Gile tugtha don choincleach agus d'fhéadfadh sé go mbeadh sprae fuingicíde ag teastáil uathu.



© Patricia McCreesh

# Leamhán Sléibhe

## *Ulmus glabra*


© Patricia McCreesh

Is crann mór é an Leamhán Sléibhe, a fhásann suas le 35m ar airde, agus ba chrann an-choitianta é suas go dtí na 1970idí nuair a bhuail an galar Dúitseach leamhán air, fungas a scaipeann ciaróga coirte an Leamháin. Mhair roinnt Leamháin mhóra Sléibhe agus d'fhéadfadh sé go mbeadh frithsheasmhacht acu in aghaidh an ghalair. Tá dóchas ag foraoiseoirí go gcuirfear le stoc na Leamhán Sléibhe, má chuirtear síolta na gcrann frithsheasmhach seo. Tá adhmad an Leamháin láidir, buanfasach agus díonach ar lobhadh san uisce, mar sin úsáidtear é chun báid, píobáin uisce, umair uisce, agus cónraí a dhéanamh.

Tá a chuid duilleog fiaclach agus neamhshiméadrach san áit a dtagann siad le chéile le gas an-bheag na duilleoige agus tá goba pointeáilte acu. Tá a chuid bláthanna beag agus deargchorcra, agus tagann siad air i gcnuasaigh ar na craobhacha. Is bláthanna gaothphailnithe iad agus éiríonn siad ina dtorthaí aonsíl atá ar chuma an chiarsúir páipéir, agus a scaipeann an ghaoth iad. Cuireann an Leamhán go mór leis an bhfiadhúlra, ag tacú le roinnt mhaith feithidí agus éan.



© John McKeon

### Bailiú Síolta

Táirgeann an Leamhán toim mhóra síolta a bhíonn réidh le cnuasach de réir mar a athraíonn siad ó dhath glas go donn éadrom i mí Bealtaine nó go luath i mí an Mheithimh.

### Síolchur


Táirgeann an Leamhán barr ollmhór síolta ach bíonn an chuid is mó díobh aimrid agus ní fhásfaidh siad. Cuir iad ag am a gcnuasaigh agus bain úsáid as ráta ard síolaithe. Spraeáil na síolta le nach séidfidh siad chun siúil. Clúdaigh iad go héadrom le 2-3 mm d'ithir mhín, ag coinneáil na ceapaí síl tais i gcónaí. Fásann siad go tapa agus d'fhéadfaidís fás suas le 50cm ar airde faoi dheireadh an chéad séasúir fáis.



https://youtu.be/5YI4k_KRNfs

# Iúr

## *Taxus baccata*



Iúr ag Reilig Dhoire Mholach
© Fearghal Duffy

Is buaircíneach dúchasach síorghlas é an tIúr ar a mbíonn duillí spíonacha dúghlasa agus caora dearga. Ba chrann comónta é i gcoillte ársa, agus cuireadh é timpeall séipéal, reiligí agus seaneastát. Cuireann bearradh lena fhás, mar sin úsáidtear go han-mhinic é i bhfálta sceach agus i gcomhair tordhearaidh. Tá a chuid duilleog nimhiúil do bheostoc agus tá a chuid caor nimhiúil do dhaoine, mar sin bí aireach maidir leis an áit ina gcuireann tú é. Tugadh "crann uasal na coille" ar an Iúr faoi Dhlíthe na mBreithiúna toisc go raibh a chuid adhmaid láidir agus ildaite, agus gur úsáideadh é chun troscán, tairní, acastóirí, ulóga agus babhlaí ar ardchaighdeán a dhéanamh, agus ba é an rogha adhmaid é chun boghanna fada a dhéanamh. Ní chuireann an crann seo go mór leis an bhfiadhúlra agus, dar le héiceolaithe, ní thacaíonn sé ach le ceithre speiceas d'fheithidí. Itheann éin a chuid caor agus cuireann sé suíomhanna neadaireachta ar fáil san earrach, agus foscadh ar fáil sa gheimhreadh nuair a bhíonn formhór na gcrann lom.



© Liam Murtagh

### Bailiú Síolta

Táirgeann an tIúr barr maith síolta de ghnáth, a bhíonn aibí go leor lena gcnuasach i mí Dheireadh Fómhair nó i mí na Samhna. Cnuasaigh síolta ó na crainn nó ón talamh faoi chrainn, nó i gcac éan, a bhfuil a mbia bainte cheana féin díobh!

### Stóráil Síolta

Bain an síol ón mbia bealaithe. Cuir na síolta leis an gcumasc srathaithe agus déan iad a stóráil i bpotaí lasmuigh ar feadh dhá gheimhreadh, in áit nach mbeidh an ghrian ag soilsiú go díreach orthu.

### Síolchur

Seiceáil na síolta stóráilte do chomharthaí péactha i mí Feabhra tar éis an dara geimhreadh. Cuir líon beag síolta i bpotaí nó i dtráidirí. Cuir líon mór síolta i gceapach mhín síl agus clúdaigh le 5mm d'ithir gharbh. Coinnigh an cheapach síl tais i gcónaí. Fásann síológa go mall agus ní bheidh siad mór go leor don phlandú deiridh go ceann ceithre bliana.



https://youtu.be/EDbYratuhtc

# Leisure

*What is this life if, full of care,*
*We have no time to stand and stare?*

*No time to stand beneath the boughs,*
*And stare as long as sheep and cows:*


*No time to see, when woods we pass,*
*Where squirrels hide their nuts in grass:*

*No time to see, in broad daylight,*
*Streams full of stars, like skies at night:*

*No time to turn at Beauty's glance,*
*And watch her feet, how they can dance:*


*No time to wait till her mouth can*
*Enrich that smile her eyes began?*

*A poor life this if, full of care,*
*We have no time to stand and stare.*



W.H. Davies






# Crann a bhfástar ó ghearrthóga iad

Is féidir gach cineál crainn a fhás ó shíolta agus is féidir roinnt díobh a fhás ó ghearrthóga – chomh fada agus a ghearrtar na gearrthóga ag an am ceart den bhliain agus chomh fada agus a choinnítear iad in ithir thais agus faoi scáth go dtí go bhforbraíonn a gcuid fréamhacha. Is clóin iad na crainn a fhástar ó ghearrthóga agus is ionann iad agus an planda tuismidh ó thaobh na ngéinte de. Má fhástar crainn ó shíolta, i ndiaidh pailniú fireann-baineann, spreagtar meascadh géiniteach agus éagsúlacht ina measc. Tá cúpla crann ann a fhásann go héasca ó ghearrthóga agus is é seo an gnáthmhodh a úsáidtear lena dtáirgeadh.

Úsáid prúnairí láidre géara chun gearrthacha glana a dhéanamh. Gearr craobhacha óga atá aon nó dhá bhliain d'aois ag a mbun lena scaradh ón bplanda tuismidh. Scoith gach taobh-bhuinneán agus duilleog ón gcraobh. Ag tosú ó bhun na craoibhe, déan gearradh díreach faoi bhun bachlóige. Ansin, 16-24cm (6-9 n-orlaí) suas an chraobh, déan gearradh claonta díreach os cionn bachlóige. Ansin, gearr an píosa gearr den fhuíollchraobh a shíneann suas go bun na chéad bhachlóige eile. Déan an próiseas arís go dtí go bhfaightear an méid gearrthóg atá ag teastáil uait. Léiríonn gearradh claonta ag an mbarr agus gearradh cothrom ag an mbun an tslí ar chóir an ghearrthóg a chur isteach sa talamh. Brúitear an bun atá gearrtha go cothrom isteach san ithir go dtí go bhfuil leath go dhá thrian d'fhad na gearrthóige faoin ithir. Cinntigh go bhfuil aghaidh bhachlóga na gearrthóige in airde.



## Saileach

### *Salix* spp.



© Deirdre Macklin

Is trí mheán gearrthóg, mar a leagtar amach thuas, a dhéantar formhór an tsíolraithe. Is féidir an tSaileach a fhás ó shíolta, a bhíonn aibí go leor lena gcnuasach i mí Bealtaine nó mí an Mheithimh. Bain na síolta ón gclúmh liath olla timpeall orthu. Cuir na síolta láithreach toisc nach maireann siad i bhfad. Brúigh nó roll na síolta ar dhromchla na hithreach chun teagmháil mhaith a chinntiú. Má chlúdaítear iad le poileitéin, faoi scáth ón ngrian, coinneofar tais iad. Péacann síolta laistigh de chúpla lá agus ní mór iad a choinneáil tais. Is iomaí cineál Sailí ann atá dúchasach in Éirinn agus bíonn cruthanna éagsúla orthu agus fásann siad go hairdí éagsúla.

Ní fhásann an Chamshaileog agus an tSaileach Reatha suas le 1 mhéadar ar airde fiú. Is toir nó crainn bheaga iad an tSailchearnach agus an tSaileach Liath, a fhásann suas le 10m ar airde. Is crainn mhóra iad an tSaileach Bhriosc agus an tSaileach Bhán a fhásann suas le 25m ar airde. Fásann an Saileánach suas le 6m ar airde, agus úsáidtear a chuid gas láidir solúbtha chun fíodóireacht, ciseáin agus bithmhais a dhéanamh. Is luathfhoinse mhaith neachtair agus pailine d'fheithidí iad bláthanna na Sailí (caitíní), agus is foinse mhaith bia do na héin iad na feithidí sin.

# Crann creathach

## *Populus tremula*


© John McKeon

Is iomaí cineál Poibleog atá ann ach, faoi láthair, is é an Crann Creathach an t-aon speiceas atá aitheanta mar chrann dúchasach. Is crann mór é, a fhásann suas le 22m in airde. Tá eangaí gearrtha go garbh sna duilleoga ciorclacha agus fásann siad ar ghais fhada leacaithe, ar a mbíonn siad ar crith agus ar foluain nuair a shéideann aon chineál leoithne. Tagann bláthanna air i mí an Mhárta nó i mí Aibreáin, agus tagann duilleoga air i mhí Bhealtaine. Fásann sé i ndroch-ithreacha a bhíonn tais i gcónaí.

Déan iad a fhás ó ghearrthóga fréimhe trí fhréamhacha a bhaint – 1 go 3cm ar trastomhas – idir mí Feabhra agus mí Bealtaine. Gearr na fréamhacha seo ina stráicí 30cm (1 troigh) agus coinnigh tais iad. Cuir na gearrthóga fréimhe 30cm seo go cothrom ar mhúirín i dtráidirí síl, agus clúdaigh le 5cm de mhúirín. Fásfaidh plandaí nua ó na gearrthóga fréimhe laistigh de cheithre go sé seachtaine. Nuair atá na plandaí nua seo 8cm ar fad, gearr iad le scian ghéar gar don ghearrthóg fréimhe. Bain na duilleoga íochtaracha agus gearr an gas faoin nóidín is ísle. Úsáid stibhín chun na plandaí nua seo a chur i bpotaí ithreach. Coinnigh potaí tais agus in áit faoi scáth nach mbeidh an ghrian ag soilsiú go díreach orthu. Tagann fréamhacha ar na plandaí nua seo laistigh de cheithre seachtaine de ghnáth, agus beidh siad réidh lena gcur i gceann bliain amháin. Is é an tslí is éasca chun cúpla Crann Creathach a fhás ná cúpla crann óg atá tar éis meatháin a chur a bhaint (a bhfuil fréamhacha ar fad 40cm acu) agus iad a chur láithreach. Is féidir an Crann Creathach a fhás ó shean-ghearrthóga a thógtar ó ghais na bliana roimhe i mí an Mhárta agus a choinnítear tais trína gceo-chóireáil nó trí phlaisteach a chur os a gcionn. Is féidir an Crann Creathach a fhás ó shíolta chomh maith ach tá sé deacair síolta inmharthana a aimsiú mar go bhféadfadh garráin Crann Creathach a bheith fireann nó baineann amháin, agus iad tar éis gach meathán a fhás ó mháthairchrann fireann nó baineann, rud a chuirfeadh cosc ar phailniú.

https://youtu.be/jLlf8zfbhpc

# Féithleann

## *Lonicera periclymenum*

'Honeysuckle' a thugtar ar an gcrann seo i mBéarla, rud a thugann milseacht le fios, toisc go bhfuil boladh milis ar bhláthanna bándearga agus órga an phlanda seo, a éiríonn níos láidre sa tráthnóna agus a mheallann leamhain phailnitheacha. Éiríonn na bláthanna ina gcaora dearga a n-itheann éin iad. Fásann an Féithleann i gcoillearnach scrobarnaí agus i bhfálta sceach, a ghais á lúbadh timpeall plandaí eile i gcomhair tacaíochta, ag táirgeadh suas le 5m de bharr dlúth. Tagann sé chuige féin go maith nuair a ghearrtar é mar chuid de ghnáthbhainistiú fálta sceach. Chun plandaí nua a dhéanamh:

1. Bain gearrthóga go déanach sa samhradh.
2. Cur buinneán sa talamh: pionnáil craobh síos san ithir fad is atá sé fós ceangailte leis an bplanda tuismidh. Nuair a fhásann fréamhacha air, gearr é mar phlanda nua ón bplanda tuismidh.
3. Cnuasaigh caora agus bain síolta uathu. Déan iad a stóráil i gcumasc srathaithe ar feadh geimhreadh amháin agus cuir iad an t-earrach dár gcionn.


© Fearghal Duffy

Tabhair do faoi deara: I measc na dtor coillearnaí dúchasach eile i gContae Mhuineacháin tá an pribhéad agus an fheirdhris. Tor eile is ea fraochán, ach ní fhásann sé ach ar shuíomhanna móinteacha. Trí thoir dhúchasacha a fhás le crainn dhúchasacha, forbraítear éiceachóras srathach a chruthaíonn gnáthóg ina bhfuil teacht aniar a thacaíonn le fiadhúlra áitiúil le bia, foscadh agus suíomhanna neadaithe.







# Cairt síolta mhíosúil

| Crann | Síol | Beal | Meith | Iúil | Lún | M.F. | D.F. | Samh | Noll |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Fearnóg | Cóin | | | | | | ● | ● | ● |
| Fuinseog | Eochracha | | | | ● | ● | ● | ● | |
| Crann creathach | Caitíní & Gearrthóga fréimhe | ● | | | | | | | |
| Beith | Caitíní | | | | | ● | ● | ● | |
| Draighean | Caora airne | | | | | | ● | ● | |
| Draighean fearna | Caor | | | | ● | ● | ● | ● | |
| Paide Bréan | Caor | | | | | | ● | ● | |
| Donnroisc | Caor | | | ● | ● | | | | |
| Crann silíní fiáin | Caor | | | ● | ● | | | | |
| Crann-fia-úll | Síolta úll | | | | | | ● | ● | |
| Leamhán sléibhe | Síol samáir | ● | ● | | | | | | |
| Caor Chon | Caor | | | | | ● | ● | ● | |
| Coll | Cnó | | | | | ● | ● | | |
| Cuileann | Caor | | | | | | | ● | ● |
| Dair | Dearcán | | | | | ● | ● | | |
| Caorthann | Caor | | | | ● | ● | | | |
| Péine Albanach | Cón | | | | | ● | ● | | |
| Feoras | Caor | | | | | | ● | ● | |
| Fionncholl | Caor | | | | | ● | | | |
| Sceach Gheal | Caor | | | | | | ● | ● | |
| Saileach | Caitíní & gearrthóga | ● | ● | | | | | | |
| Iúr | Caor | | | | | ● | ● | | |







Tá an-chuid 'cainte' maidir leis an ngá atá le crainn agus fálta sceach a chur mar dhea-chleachtas a rachaidh chun tairbhe na timpeallachta. B'fhearr ar fad dá bhféadfaimis an chaint ar fad a chur ar leataobh agus glacadh leis an mana "*res non verba*!" (gníomhartha, seachas focail)

Sa leabhrán seo, gheofar faisnéis mhionsonraithe maidir le conas crainn agus toir dhúchasacha a fhás. Toisc gurbh éigean dúinn na milliúin crann dúchasach a chur mar chuid de chlár fadtéarmach plandaithe, tá sé ríthábhachtach go spreagfar 'Arm Talún' garraíodóirí chun crainn a fhás ó shíolta.

Má dhéanann tú síolta a chnuasach, agus crainn a fhás agus a phlandú, d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar an-dearfach aige sin ar d'fholláine coirp agus ar do mheabhairshláinte toisc go mbeidh tú ag caitheamh do chuid ama amuigh faoin aer. Beidh tú ag déanamh aclaíochta agus tabharfaidh sé ardú meanman duit toisc go mbeidh tú ag cur go mór leis an Máthair-Chruinne.

John McKeon

https://iwt.ie/seeds_of_inspiration

Biodiversity Monaghan

Irish Wildlife Trust

Comhairle Contae Mhuineacháin
Monaghan County Council

Ceangal
Clár den Chomhairle Oidhreachta
A Heritage Council programme

NPWS
An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
National Parks and Wildlife Service